



Ag Féachaint ar an
Stair

Múineadh agus Foghlaim na Staire
i Scoileanna Iarbhunoidéachais



INSPECTORATE

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2006

ISBN 0-0000-0000-X

Deartha ag TOTAL **PD**

Foilsithe ag an Oifig Stáiseanóireachta, Baile Átha Cliath

Clóbhuailte ag Brunswick Press Teo.

Clár

Réamhrá	2
1 Soláthar an ábhair agus tacaíocht scoile uile	4
Soláthar sa tráthchlár	4
Fáil ar an Stair	6
Acmhainní teagaisc	9
Soláthar ginearálta na hacmhainne	10
Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide	12
2 Pleanáil agus ullmhúchán	16
Pleanáil chomhoibríoch	16
Idirchaidreamh le gníomhaireachtaí seachtracha	19
Pleanáil agus ullmhúchán aonair	21
3 Teagasc agus foghlaim	25
Modheolaíocht ghinearálta	25
Cur chuige mac léinn-lárnach	28
Úsáid na n-acmhainní agus na n-ábhar tacaíochta	31
4 Measúnú agus gnóthachtáil	38
Modhanna measúnaithe	38
Measúnú i gcomhair na foghlama	40
Ag tacú le gnóthachtáil na mac léinn	42

Réamhrá

Táthar tar éis an tuairisc seo a thiomsú de bhun na bhfionnachtana agus na moltaí a rinne cigirí na Staire i gcaoga scoil inar seoladh cigireachtaí ábhair idir Meán Fómhair 2004 agus Bealtaine 2006. Ba chuid de mheastóireacht scoile uile (MSU) iad roinnt tuairiscí cigireachta ach scríobhadh an chuid ba mhó acu de thoradh cigireachtaí neamhspleácha ábhair. Ba éard a bhí sa chaoga scoil a roghnaíodh mar bhonn na tuairisce seo ná ceithre mheánscoil dheonacha is tríocha, ceithre cinn de scoileanna pobail nó scoileanna cuimsitheacha, agus dhá cheann déag de scoileanna nó coláistí pobail na gCoistí Gairmoideachais. Tá siad ionadaíoch do raon na gcineálacha scoileanna dara leibhéal ina múintear an Stair.

Mar an gcéanna le hábhair eile, féachann tuairisc chigireachta ábhair sa Stair ar an ábhar de réir roinnt áirithe ceannteideal a shainmhínítear go soiléir: soláthar agus tacaíocht scoile uile; pleanáil agus ullmhúchán; teagasc agus foghlaim; agus measúnú agus gnóthachtáil. Leanann leagan amach na tuairisce ilchodáí seo na ceannteidil seo agus san aon ord leis an ord ina bhfuil tuairisc chigireachta ábhair. Sa tuairisc seo, áfach, chun éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt bhreise ar shaincheisteanna i gcoitinne agus chun a thuilleadh sonraí, tráchtairachta agus eiseamláirí, measadh gurbh áisiúil an rud é feidhm a bhaint as fo-cheannteidil i dtaca leis na réimsí a mheastar atá loighciúil agus ábhartha.

Tá dhá chuspóir bhunúsacha ag an tuairisc seo. Ar an gcéad dul síos, ba chóir í a léamh mar thuairisc achomair ar a bhfionn na cigirí i rith a gcuariteanna ar scoileanna idir 2004 agus 2006. Trí dhíriú ar chnuasach fianaise a bailíodh go sách déanach agus a bhaineann le tréimhse atá sách teoranta, féadfar glacadh leis go bhfreagraíonn an tuairisc seo go dlúth don chleachtas reatha i dteagasc na Staire. Ar an dara dul síos, tá sé beartaithe go gcabhróidh an tuairisc le scoileanna i gcoitinne, agus le múinteoirí na Staire go sonrath, ó thaobh a gcuid iarrachtaí ar fheabhas a chur ar an Stair ar fud raon na réimsí a luaitear. Cuimsíonn an tuairisc mórán de na fionnachtana agus na moltaí atá cigirí tar éis a dhéanamh do scoileanna ach tá rian mórán samplaí de dhea-chleachtas sna scoileanna uirthi freisin, agus anseo féachann na cigirí leis na samplaí sin a scaipeadh i measc na scoileanna agus na múinteoirí trí chéile.

Tá forbairtí suntasacha tar éis teacht ar theagasc na Staire le blianta beaga anuas. Rinneadh athbhreithniú ar shiollabas Teastais Shóisearaigh a tugadh isteach sa bhliain 1989 agus athcheartaíodh a inneachar inscrúdaithe sa bhliain 1996. Tá obair bhreise á déanamh ar an siollabas seo ag coiste cúrsa na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus an tuairisc seo á hullmhú. Táthar tar éis siollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach sna scoileanna ó 2004, agus tá an chéad ghasra de mhic léinn tar éis dul faoin gcéad scrúdú sa siollabas seo i Meitheamh 2006. Tugann an t-aiseolas do na cigirí le fios go bhfuiltear tar éis glacadh go maith leis an siollabas athbhreithnithe, go háirithe maidir lena bhéim ar cháipéisí agus ar thaighde, chomh maith leis an rogha mór atá ar áireamh agus an éagsúlacht ó thaobh na ngnéithe staidéir. Is ábhar imní arís, áfach, iad na deacrachtaí lena bhfuiltear tar éis teagmháil ó thaobh inneachar an tsiollabais a chlúdach agus ó thaobh plé leis an obair cháipéisí agus leis an obair thaighde laistigh de na teorainneacha ama lena bhfuiltear ag súil.

Údar tábhachtach eile forbartha ab ea obair Bhuíon Inseirbhíse na Staire (HIST) i dtaca le teagasc agus foghlaim na Staire agus shroich an obair sin breis is 1,500 múinteoir an ábhair idir 2004 agus 2006. I bhfianaise na hoibre sin, agus ón uair go bhfuil arhruithe móra eile ag tarlú sna scoileanna, lena n-áirítear ábhair nua á dtabhairt isteach, deiseanna nua de bharr na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus an gá le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin ó shochaí atá ag síorathrú, is cuí an rud é áit na Staire a bhreithniú ionas go bhféadfar a chinntiú go rachaidh sí ar aghaidh sna scoileanna agus sna ranganna ar bhealach oideachasúil folláin. Is follasaí ná riamh é an gá le staidéar a bheith déanta ag mic léinn ar an Stair, le tuiscint a bheith bainte amach acu ar an domhan agus ar na scileanna atá riachtanach chun dul i ngleic leis. Ba lárnach riamh agus is lárnach fós í an fheidhm atá ag staidéar na Staire ó thaobh oideachas liobrálach cothromaithe a chothabháil mar chrann taca an chórais Éireannaigh. Is mian leis na cigirí go gcuirfidh an tuairisc ilchodach seo bonn daingean inmharthana ó thaobh comhairle agus tacaíochta ar fáil dóibh siúd atá páirteach i dteagasc na Staire.

1 Soláthar an ábhair agus tacaíocht scoile uile

Soláthar sa tráthchlár

I bhformhór suntasach na scoileanna is é an soláthar sa tráthchlár i gcomhair na Staire ná trí thréimhse shingil in aghaidh na seachtaine i ngach bliain den tsraith shóisearach. Moltar go láidir do na scoileanna go bhféachfaidh siad air seo mar chaighdeán. Anois agus arís, nuair a thairgeann scoileanna an deis do mhic léinn na chéad bhliana ar thriail a bhaint as roinnt áirithe ábhar roghnach sula ndéanfaidh siad roghanna, féadfar nach mbeidh sa soláthar don Stair ach dhá thréimhse in aghaidh na seachtaine i ranganna na chéad bhliana. Tá sé seo intuigthe ach cuireann sé dúshlán faoi chlúdach rathúil a thabhairt don chuid ábhartha den siollabas. Ní mór bheith cúramach, ó thaobh tráthchláir a bheartú, san éifeacht a íoslaghdú faoina mbíonn níos lú ná trí thréimhse in aghaidh na seachtaine ag aon rang i gcomhair na Staire sóisearaí.

Sa tsraith shinsearach, tairgeann formhór na scoileanna clár Idirbhliana, atá roghnach go hiondúil. Tairgeann an chuid is mó de na scoileanna ag a bhfuil Idirbhliain an Stair nó an staidéar stairiúil de chineálacha éagsúla. Minic go leor, déantar an staidéar stairiúil a shnaidhmeadh leis an staidéar sóisialta, leis an saoránacht agus le cearta an duine, leis an bpolaitíocht nó le réimsí gaolmhara eile. Tá eilimint stairiúil éigeantach sa chlár Idirbhliana atá ag mórán scoileanna, ach tá sí roghnach i scoileanna eile. Ós rud é gur féidir gurb í an Idirbhliain an uair dheireanach a dhéanfaidh mórán mac léinn staidéar ar an Stair mar chuid dá n-oideachas foirmiúil dara leibhéal, tá na cigirí i bhfabhar an tsoláthair i gcomhair an ábhair laistigh de chlár Idirbhliana na scoile. Cibé acu uilebhliantúil nó modúlach a bheadh an soláthar, mhol na cigirí go mba chóir go mbeadh ní ba mhó ná tréimhse amháin in aghaidh na seachtaine sa soláthar, chun féachaint chuige nach dtabharfaí le tuiscint gur rud imeallach atá san ábhar agus chun

éascaíocht a dhéanamh do na gníomhaíochtaí ar mór an tóir atá orthu cheana, mar obair thionscadail, turasanna allamuigh, agus gníomhaíochtaí traschuraclaim. Is é seo a leanas sampla den chineál barúlacha a chuimsítear i dtuairiscí cigireachta ar an soláthar i gcomhair na Staire san Idirbhliain:

Sa tsraith shinsearach, níl aon eilimint faoin Stair nó faoin staidéar stairiúil san Idirbhliain. I bhfianaise mhóraidhmeanna na hIdirbhliana i réimse an staidéir shóisialta, i réimse chothú an léinn áitiúil agus i réimse na hoibre tionscadail, moltar go ndéanfar breithniú dáiríre maidir le heilimint faoin staidéar stairiúil a thabhairt isteach. D'fhéadfadh eilimint den chineál sin, cibé acu ar mhodh uilebhliantúil, modúlach nó traschuraclaim a dhéanfaí í, deiseanna sármhaithe a thairiscint do mhic léinn ar an bhfoghlaim fhéinstiúrtha agus ar fhorbairt na scileanna anailíseacha. Rachadh siad seo chun sochair do mhic léinn cibé acu an leanfaidís nó nach leanfaidís den Stair ar leibhéal na hArdteistiméireachta.

Leithdháileadh sách coitianta de chúig thréimhse in aghaidh na seachtaine gach bliain is ea an soláthar sa tráthchlár i gcomhair Stair na hArdteistiméireachta, cé gur fionnadh gur leithdháil roinnt scoileanna ceithre thréimhse nó ní ba lú ná sin in aghaidh na seachtaine. Níl an staid dheireanach sin sásúil, ag féachaint don méid mór ábhair is gá a chlúdach faoi shiollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta. I mórán scoileanna, tá an leithdháileadh de chúig thréimhse struchtúrtha mar thrí thréimhse shingil agus tréimhse dhúbailte amháin. Meastar go bhfuil sé seo sásúil agus measann na cigirí go bhfuil an tréimhse dhúbailte níos luachmhaire ná mar a bhí sí sular tugadh isteach siollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta, de bharr na béime breise ar láimhseáil cáipéisí agus ar obair thaighde.

Fáil ar an Stair

Sna meánscoileanna deonacha agus iontu siúd arna ndíorthú ó chúlra an mheánoideachais dheonaigh, is croíábhar na sraithe sóisearaí í an Stair. Cé go bhfuil sé de rogha ag gairmscoileanna agus coláistí pobail ábhar eile a thairiscint in ionad na Staire sa tsraith shóisearach de réir na Rialacha agus na gClár do Mheánscoileanna, tairgeann an chuid is mó de na scoileanna seo ar thug na cigirí cuairt orthu an Stair shóisearach ar mhodh atá cosúil leis an meánscoileanna deonacha dáiríre. Nuair a thairgtear an Stair mar ábhar roghnach sa tsraith shóisearach in imthosca den chineál sin, is féidir leithdháileadh tráthchláir de suas le ceithre thréimhse in aghaidh na seachtaine a bheith aici uaireanta. I gcásanna den chineál sin is iondúil go roghnaíonn idir leath agus trí cheathrú de na mic léinn an Stair. Cé go bhfuil sé seo sásúil, tá sé tar éis dul go dian ar roinnt scoileanna beaga a oibríonn córas den chineál sin líon inmharthana mac léinn a choinneáil chun gnáthrang Ardteistiméireachta sa Stair a chur le chéile, mar táthar tar éis foinsé na mac léinn a d'fhéadfadh an Stair shinsearach a roghnú a laghdú cheana ar an gcuma sin. Thairis sin, tá líon beag scoileanna in earnáil an ghairmoideachais nach dtairgtear an Stair iontu in aon chor do mhic léinn na sraithe sóisearaí, fiú mar rogha. Ciallaíonn sé seo beagnach i gcónaí nach bhfuil an Stair ar fáil i ndiaidh na sraithe sóisearaí ach oiread agus baineann sé aon deis ar staidéar a dhéanamh ar an Stair de mhic léinn dara leibhéal i ndiaidh a dtaithe bunscoile den ábhar sin. Níl sé seo sásúil.

Táthar tar éis an soláthar i gcomhair na Staire a chothabháil nuair atá scoileanna tar éis páirt a ghlacadh i gClár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS). Oireann an Stair go maith do smaointe CSTS mar spriocanna gearrthéarmacha a bheartú agus téarmaí a shainithint. Nuair atá scoileanna tar éis breithniú a dhéanamh maidir leis an Staidéar Sóisialta agus Comhshaoil a fhorbairt mar mhalairt ar an Stair agus an Tíreolaíocht is tábhachtach an rud é go dtógann siad ceann freisin d'éilimintí stairiúla an tsiollabais sin agus na rialachán faoi fháil ar an ábar seo a bheith teorannaithe do scoileanna a thairg an Clár Staidéir Chomhshaoil agus Shóisialta tráth, mar a luaitear sna Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna agus i gCiorclán M42/91 na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

I bhformhór na gcásanna a scrúdaíodh, múintear an Stair do ghasraí cumais mheasctha nó do ghasraí bandáilte sa tsraith shóisearach agus beagnach i gcónaí do ghasraí cumais mheasctha sa tsraith shinsearach. Oibríonn roinnt scoileanna córas sruthaithe. B'annamh a d'fhionn na cigirí i gcás na mac léinn ar leithdháileadh tacaíocht bhreise dóibh, mar uaire acmhainne, tacaíochta foghlama nó teagaisc theanga, gur baineadh den rang Staire iad chun tacaíocht den chineál sin a fháil. Moltar an cur chuige seo chun an t-ábhar a sholáthar. Nuair a breathnaíodh orthu, fionnadh gur baineadh feidhm thacúil gan uaim as cúntóirí riachtanas speisialta ó thaobh éascaíochta a dhéanamh d'fhoghlaim na Staire sa seomra ranga. I gcásanna inar breathnaíodh i gceachtanna ar leith ar mhic léinn narbh é an Béarla an chéad teanga acu, d'fhionn na cigirí go raibh na mic léinn seo comhtháite go han-rathúil sna ceachtanna de ghnáth.

Mic léinn idirnáisiúnta nach é an Béarla an chéad teanga acu, faigheann siad teagasc tacúil chun a n-inniúlachtaí a neartú ó thaobh plé leis na dúshláin theangeolaíocha lena mbuaileann siad agus staidéar á dhéanamh acu ar ábhair mar an Stair, an Tíreolaíocht agus an Eolaíocht.

I ngach scoil a thairgeann an Stair suas go dtí an Ardteistiméireacht, déantar é seo mar chuid de shaoráid roghanna. Táthar tar éis a áiteamh gur tábhachtach go leagfaidh ranna treoraithe agus comhairleoirí ar leith béim ar an bpointe go bhfuil siollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta sa Stair tar éis seansiollabas na Staire Eacnamaí a chomhchuimsiú, rud a chinnteoidh go mbainfidh an siollabas athbhreithnithe níos mó le hábhar i gcomhair roinnt gairmeacha ná mar a braitheadh roimhe seo. Tá roinnt áirithe ranna Staire tar éis feidhm an-mhaith a bhaint as cláir shainithe fógraí don ábhar i gcomhair eolais ar an siollabas athbhreithnithe, ar ghairmeacha agus ar mhíreanna ar díol suime stairiúla ginearálta do mhic léinn iad. Is féidir teacht ar acmhainní agus smaointe breise chun an Stair a chur chun cinn ar an láithreán gréasáin HIST (www.hist.ie). Mar aon leis sin, tá na cigirí tar éis beartú bliantúil na mbloc roghanna a shainaithint mar an gcleachtas is fearr chun oiriúnú do thosaíochtaí na mac léinn i dtaca le roghnú na n-ábhar i gcomhair na hArdteistiméireachta.

Cé nach gcuimsíonn an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) fáil a bheith go díreach ar an staidéar stairiúil, d'fhionn na cigirí, i gcás na mac léinn a thógann an Stair i gcomhair na hArdteistiméireachta, go ndéanann siad é sin laistigh de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT). Tugann sé seo misneach, go háirithe ós rud é nach bhfuil an Stair ar liosta faofa ghrúpálacha na ngairmábhar, agus, déanta na fírinne, ciallaíonn sé seo gurb í an Stair an t-ábhar deireanach Ardteistiméireachta a roghnaíonn mórán de na mic léinn GCAT seo. Tugann fianaise starógach, agus uaireanta fianaise dhíreach a bhailítear sna scoileanna, le tuiscint nach gcabhraíonn an scéal seo le piocúlacht na Staire sinsearaí, go háirithe toisc go gciallaíonn sé dáiríre go mbíonn ar mhic léinn sé cinn de na hábhair a bhíonn acu sa deireadh a roghnú sula mbíonn siad in ann fiú an Stair a bhreithniú mar an seachtú hábhar féideartha deireanach.

Agús amháin a chuireann bainistíocht na scoile sa scéal maidir le roghanna na sraithe sinsearaí, áfach, is ea go dtéann an tóir mhór atá ar Ghairmchlár na hArdteistiméireachta sa scoil i bhfeidhm ar phiocúlacht na n-ábhar lasmuigh de Ghrúpálacha na nGairmchlár, is iad sin an Stair, an Tíreolaíocht agus an Staidéar Clasaiceach i gcomhthéacs churaclam na scoile seo. Is ábhar imní é seo de réir mar a iarrann an scoil inmhharthanacht an dá rang Staire i ngach bliainghrúpa Ardteistiméireachta a chothabháil.

I roinnt scoileanna ina bhfuil clár éigeantach Idirbhliana, táthar tar éis iarraidh ar mhic léinn a n-ábhair Ardteistiméireachta a roghnú roimh an Idirbhliain. Measann na cigirí go laghdaíonn sé seo an deis go mbainfidh siad sochar as an taithí níos leithne oideachais atá i gcroí fhealsúnacht na hIdirbhliana, chomh maith le bliain bhreise aibithe a chailliúint roimh dóibh roghanna tábhachtacha a dhéanamh ó thaobh a n-ábhar Ardteistiméireachta. Nuair atáthar tar éis fionnadh nach gcumhdaíonn scoileanna ach ábhar na hArdteistiméireachta i Stair na hIdirbhliana nó sa staidéar stairiúil, táthar tar éis cur ina choinne seo. Moltar go láidir go n-úsáidfear an Idirbhliain chun fónamh a bhaint as modhanna éagsúla teagaisc agus chun scileanna taighde, scileanna láimhseála foinsí agus feacht stairiúil a fhorbairt i measc na mac léinn. Is cinnte go gcomhlánódh sé seo gach a bhféadfaí a chumhdach ina dhiaidh sin sa siollabas athbhreithnithe nuair a roghnaíonn mic léinn an Stair Ardteistiméireachta ach nár chóir iad a dhíriú go cúng ar inneachar nó ar chomhchodanna scrúdaithe an tsiollabais sin a chumhdach.

Acmhainní teagaisc

I gcoitinne, d'fhionn na cigirí go raibh a ndóthain foirne cáilithe ag na scoileanna chun a bheith in ann an Stair a thairiscint ar gach leibhéal ab indéanta. I measc na moltaí atá na cigirí tar éis a dhéanamh i réimse na foirne teagaisc tá moladh gurb inmhianaithe féachaint chuige go dtairgfear tacaíocht mheantóireachta do mhúinteoirí faoi oiliúint agus do mhúinteoirí nuacheaptha de réir mar is gá. Tá sé tábhachtach freisin go gcoinneoidh rang an múinteoir céanna a oiread agus is féidir ó cheann ceann na sraithe sóisearaí, mar an gcéanna dar ndóigh i gcás leibhéal na hArdteistiméireachta chomh maith. Uaireanta táthar tar éis riachtanais na scoile a lua mar thoisc ó thaobh laghdú a dhéanamh ar an líon ranganna staire is féidir le múinteoirí cáilithe staire a mhúineadh dáiríre. Féadfaidh sé seo a bheith dosheachanta uaireanta ach is rud é freisin is cóir a chothromú a oiread agus is féidir le mian na múinteoirí cáilithe ar an bhfoireann an Stair a mhúineadh ar an leibhéal is airde lena bhfuil siad sásta.

Deacracht eile is ea cásanna ina mbíonn dhá ghasra ar leith de mhúinteoirí Staire laistigh de bhuíon staire – múinteoirí sóisearacha agus múinteoirí sinsearach. Múinteoirí sinsearach staire a bheith ann a bhféadfar go mbeidh aithne cheana ag mic léinn shóisearacha orthu agus múinteoirí sóisearacha a bheith ann atá láninniúil ar bheith ag plé le fiosruithe na mac léinn faoi shiollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta, meastar gur tacaí tábhachtacha iad seo ó thaobh ionad inmharthana a chothabháil i gcomhair na Staire ar fud na scoile.

I gcoitinne, táthar tar éis tacaíocht bhainistíocht na scoile d'fhorbairt ghairmiúil leantach na múinteoirí a mholadh i dtuairiscí na cigireachta. Tá an fhorbairt ghairmiúil leantach tar éis díriú le déanaí ar shiollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta. Táthar tar éis glacadh dearfach na múinteoirí le tacaíocht na buíne HIST agus an láithreáin ghréasáin www.hist.ie a chur in iúil go minic do chigirí i rith a gcuartheanna ar scoileanna. Moladh go láidir i dtuairiscí na cigireachta, mar an gcleachtas is fearr i gcomhair na scoileanna, go scaoilfí i gcomhair na forbartha gairmiúla leantaí na múinteoirí go léir a mhúineann faoi láthair nó ar dealraitheach go múinfidh siad an siollabas seo, fiú mura mbíonn rang sinsearach staire inmharthana i gcónaí.

Aithníonn an scoil go bhfuil údar lena chreidiúint go bhfeidhmeoidh gnáthrang staire Ardteistiméireachta sar i bhfad agus gur cinnte go bhfuil gá le beart éigin chun 'teacht suas' leis an oiliúint inseirbhíse i gcomhair mhúinteoirí dealraitheacha staire na sraithe sinsearaí. Táthar tar éis sonraí de na dátaí agus na hionaid oiliúna inseirbhíse a chur ar fáil anois don scoil agus moltar an bhainistíocht as bheith sásta glacadh leis an ngá atá leis go bhfreastalóidh na múinteoirí ar an oiliúint sin.

Soláthar ginearálta na hacmhainne

I dtaca le soláthar na n-acmhainní sonracha i gcomhair na Staire, d'fhionn na cigirí gur rud eisceachtúil sna scoileanna, agus nach gnáthrud, iad na seomraí sainithe staire. Cibé áit is indéanta saoráid den chineál sin a bheith ann, táthar tar éis spreagadh a thabhairt di i dtuairiscí cigireachta.

Seomra sainithe staire a bheith ann, fáil a bheith ann ar threalamh closamhairc agus saoráidí tacaíochta foghlama na scoile a bheith ar fáil do na múinteoirí staire agus dá ranganna, is comharthaí iad de chomh tacúil is atá an timpeallacht sa scoil. Tá sé seo fíor freisin i gcás leithdháileadh an bhuiséid bhliantúil ar roinn na staire.

Táthar tar éis mórán tacaíochta a fháil ó bheartais faoina bhfuiltear tar éis a gcuid bonnranga féin a thabhairt do mhúinteoirí, cé go n-aithnítear nach féidir é seo a dhéanamh i gcónaí mura bhfuil soláthar leordhóthanach ranganna ar fáil sa scoil. Fiú laistigh de theorainneacha mhúineadh na Staire i ngnáthranganna, tá múinteoirí tar éis a lán a dhéanamh chun mothú stairiúil a fhorbairt ina ranganna trí chairteacha balla, léarscáileanna agus tionscadail mhac léinn ábharshonracha a chur ar taispeánt i scríbhinn, go pictiúrtha nó mar shamhail.

Nuair a bhíonn a ranganna féin ag múinteoirí is féidir cóir a bhaineann le hábhar agus obair na mac léinn a chur ar taispeáint; tapáítear an deis seo i gcásanna áirithe agus ba cheart an deis seo a fhorbairt mar chuid den phróiseas pleanála agus ullmhúcháin i gcásanna eile. Timpeallacht shaibhir ó thaobh spreagthachtaí a chur ar fáil do mhic léinn, is cuid thábhachtach é seo de shuim agus de dhíograis a chothú, agus ar an gcuma chéanna cabhraíonn sé seo le mic léinn a spreagadh chun an Stair a roghnú i gcomhair na hArdteistiméireachta.

Réimse de sholáthar na hacmhainne a fionnadh gur ábhar deacrachta é i roinnt áirithe scoileanna is ea leabharlann na scoile. Brú slí is cionsiocard le leabharlanna scoile a bheith á n-úsáid go príomha mar sheomraí ranga, agus níl roinnt leabharlanna scoile trealmhaithe i gceart le hacmhainní chun teagasc agus foghlaim na Staire a éascú. Tá ceanglais éigeantacha taighde shiollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta tar éis ualach breise a chur ar roinnt leabharlanna scoile, agus is údar imní ar leith i roinnt mhaith scoileanna é ábhar inghlactha taighde a fháil agus a chur ar fáil do mhic léinn an ghnáthleibhéil. Tugadh faoi deara roinnt samplaí sármhaithe de naisc a bheith á bhforbairt ag scoileanna le seirbhísí áitiúla leabharlanna, go háirithe ó thaobh an staidéar stairiúil áitiúil agus obair shinsearach taighde a chur chun cinn. Spreagann na cigirí na samplaí sin go croíúil. Is ábhar molta é go bhfuil mórán seirbhísí leabharlanna agus cartlanna contae agus cathrach toilteanach a bheith gafa le siollabas athbhreithnithe na staire agus cuidiú le hacmhainní a aimsiú agus a chur ar fáil don obair staidéir taighde go háirithe.

Tarlaíonn an buiséadú i gcomhair na Staire níos minice de réir mar a eascraíonn na riachtanais ná mar chuid de leithdháileadh bliantúil nó téarmach. Níor fhionn na cigirí aon deacracht shuntasach le ceachtar den dá mhodh chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil don ábhar. Moladh scoileanna go minic as leibhéal na tacaíochta a cuireadh ar fáil do thurasanna allamuigh staire, do thráthanna na gceist, do chainteoirí cuartaíochta agus do thionscadail na mac léinn. Fionnadh freisin gur mhinic do bhainstíocht na scoile ballraíocht de Chumann Múinteoirí Staire na hÉireann a mhaoiniú i gcomhair na múinteoirí sin

a chuireann suim sa bhallaíocht sin in iúl. Nuair a bhí toil ann dáiríre, d'éirigh go geal le roinnt scoileanna mothú feasachta stairiúla a chruthú laistigh dá sriantachtaí buiséid. Is ríthábhachtach ó thaobh a ratha é an cion den obair a rinne múinteoirí ar mhaithe leis na gníomhaíochtaí sin a eagrú agus a ullmhú agus tugtar an moladh is airde dó sin. Ar uairibh, táthar tar éis roinnt páirteachais éifeachtaigh ó mhic léinn mar eagraithe a thabhairt faoi deara agus a spreagadh.

Gné thar a bheith inmholta den Stair sa scoil is ea cumann neamhspleách staire na mac léinn. Tá sé seo á eagrú agus á reáchtáil ag na mic léinn, a cheapann a n-oifigigh agus a gcoiste. Gach bliain tionólaíonn siad tráthanna na gceist, reáchtálann siad tionscadail chun cuidiú leis an domhan i mbéal forbartha, tugann siad cuireadh do chainteoirí saineolacha chun aitheasc a thabhairt do na mic léinn, agus reáchtálann siad “lá pléarácaim” staire na mac léinn chun feasacht a fheabhsú agus cistí a chruinniú. Maoiníonn an cumann é féin ó shíntiúis réasúnta na mac léinn agus is chun críocha carthanúla sonracha a úsáidtear na cistí a chruinnítear. Lena chois sin, tá plaiceanna, séadchomharthaí, leachtanna cuimhneacháin agus tionscadail timpeall na scoile agus timpeall an fhearainn agus tá na mic léinn tar éis a gcion a dhéanamh ar mhaithe leo sin. Is comhchuid luachmhar de shaol na Staire sa scoil é an cumann agus bíonn míreanna nuachta an chumainn le léamh i nuachtlitir na scoile.

Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Réimse eile de sholáthar ginearálta na hacmhainne a fhéadfaidh dul i bhfeidhm go suntasach ar an Stair is ea an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC). Cuireadh moill agus deacrachtaí eile ar roinnt áirithe scoileanna ó thaobh fáil a bheith acu ar an idirlíon leathanbhanda, cé go bhfuil feabhas tar éis teacht ar an scéal le bliain anuas. Is feasach anois don chuid is mó de na múinteoirí faoin ábhar atá ar fáil dóibh agus do mhic léinn ón idirlíon, go mór mór trí obair agus láithreán gréasáin Bhuíon Inseirbhíse na Staire. Thug na tuairiscí cigireachta dá n-aire gur tharla fás mall ach fás cinnte ó thaobh feasachta agus úsáide TFC i measc na múinteoirí, agus tá na tuairiscí tar éis an tacaíocht scoile uile sa réimse seo a lua.

I mórán scoileanna, tá an teacht ar shaoráidí TFC i measc na ranganna staire tar éis a bheith teoranta, go háirithe ina measc siúd ar mian leo tabhairt faoin eilimint éigeantach staidéir thaighde de shiollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta. Tá an scéal amhlaidh toisc gá le seomra nó seomraí na ríomhairí a bheith ag ranganna TFCchuidithe eile. Tá sé seo tar éis tarlú go háirithe nuair a bhaineann ranganna Ardteistiméireachta Feidhmí agus iar-Ardteistiméireachta sa scoil feidhm as na saoráidí TFC. Mhol roinnt áirithe tuairiscí cigireachta gur mhór an chabhair i gcomhair na mac léinn é fáil a bheith ag ranganna sinsearachta staire ar sheomra na ríomhairí, fiú fáil ad hoc agus go mór mór i rith roinnt tréimhsí dúbailte, agus dhéanfadh sé éascaíocht do mhúinteoirí ó thaobh faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn obair thaighde na mac léinn.

Táthar tar éis roinnt samplaí sármhaithe den tacaíocht scoile uile i gcomhair TFC sa Stair a shainaithe. Is léir go bhfuil múinteoirí staire i roinnt áirithe scoileanna tar éis tosú ar shlite a shainaithe go cuiditheach lena gá tacaíocht don ábhar a sholáthar, agus is lántacúil iad na cigirí ina thaobh seo.

Tá buíon na staire tar éis iarratais mhionsonraithe a dhéanamh chun na bainistíochta ar acmhainní chun ranganna faoi thiomáint TFC a chur i ngníomh san ábhar agus tá an t-iarratas seo á mheas faoi láthair. Teastaíonn ó na múinteoirí staire fáil a bheith acu ar theilgeoirí sonraí chun a chur ar a gcumas feidhm a bhaint as PowerPoint agus feidhmchláir eile, go háirithe i ndáil leis an siollabas athbhreithnithe i gcomhair na hArdteistiméireachta.

Tá líon beag scoileanna tar éis a bheith gníomhach ó thaobh an fheasacht stairiúil a chur chun cinn trí naisc le scoileanna thar lear a bhunú, trí threalamh físchomhdhála nó ríomhphoist a úsáid agus uaireanta trí fhónamh a bhaint as saoráidí agus struchtúir thacaíochta na gcuideachtaí áitiúla. In áiteanna eile, tá scoileanna tar éis a bheith gafa le forbairt shuntasach ar a saoráidí TFC agus tá roinnt múinteoirí staire tar éis a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh slite a shainaithe lena bhféadfar an leas is fearr a bhaint as saoráidí den chineál sin.

Táthar tar éis feabhas mór a chur ar na hionchais um fhorbairt na teicneolaíochta faisnéise maidir le teagasc agus foghlaim na Staire sa scoil le blianta beaga anuas. Cuireadh trealamh an-mhaith ar fáil do sheomra na ríomhairí de bharr na tacaíochta ó na múinteoirí, na tuismitheoirí agus ó na hiar-mhic léinn d'imeacht chun cistí a chruinniú. Mar sin, tairgeann seomra na ríomhairí trealamh nua-aimseartha maille le teacht ar an idirlíon leathanbhanda. Thairis sin, tá na múinteoirí a ghlacann páirt faoi láthair sa Stair tar éis iad féin a rollú ar chúrsa dar teideal "TFC agus an Stair", faoi choimirce an Lárionaid Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas, mar fhorlíonadh ar an oiliúint inseirbhíse HIST ar ar fhreastail cuid acu. Is tiomantas iontach don Fhorbairt TFC é seo ar thaobh na scoile agus na foirne araon.

Achoimre ar na príomhfhionnachtana agus na príomh-mholtaí

Is iad seo a leanas na príomhláidreachtaí agus na príomhréimsí forbartha a sainaitníodh sa chuid seo:

- Is gnách trí thréimhse a sholáthar in aghaidh na seachtaine i gcomhair na Staire sóisearaí, níos mó ná thréimhse amháin in aghaidh na seachtaine i gcomhair na hIdirbhliana agus cúig thréimhse in aghaidh na seachtaine i gcomhair na ranganna sinsearacha staire eile.
- Tugann na cigirí dá n-aire, agus díomá orthu dá dheasca, nach dtairgeann líon beag scoileanna in earnáil an ghairmoideachais an Stair in aon chor sa tsraith shóisearach.
- Is ábhar éigeantach na sraithe sóisearaí í an Stair sna meánscoileanna deonacha agus iontu siúd arna ndíorthú ó chúlra an mheánoideachais dheonaigh.
- Cuimsíonn an cleachtas is fearr maidir le roghanna na n-ábhar sinsearach beartú bliantúil na mbandaí roghanna chun oiriúnú do thosaíochtaí na mac léinn.
- An Stair gan a bheith ar áireamh i ngrúpálacha aitheanta na ngairmchlár, is dúshlán fós é sin maidir le piocúlacht an ábhair i measc mhic léinn Ghairmchlár na hArdeistiméireachta.
- Tá múinteoirí tar éis glacadh go han-dhearfach le tacaíocht Bhuíon Inseirbhíse na Staire.

- ❖ A mhéid is indéanta, táthar tar éis fionnadh go ndéanann seomra sainithe staire nó, mar mhalairt air sin, seomraí ranga múinteoirbhunaithe éascaíocht do theagasc an ábhair ar mhórán slite.
- ❖ Is an-luachmhar é an cion a dhéanann na múinteoirí ar mhaithe le heagrú na ngníomhaíochtaí agus le sealbhú na n-acmhainní.
- ❖ Tugann tuairiscí fás mall ach fás cinnte dá n-aire ó thaobh feasachta agus úsáide TFC i dteagasc na Staire.

Mar mhodh chun cur leis na láidreachtaí seo agus chun aghaidh a thabhairt ar réimsí forbartha, déantar na moltaí seo a leanas:

- ❖ Moltar go gcuirfear eilimint staire i ngach clár Idirbhliana.
- ❖ Ba chóir do threorú na mac léinn ceann a thógáil de shiollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta atá tar éis seanábhar na Staire Eacnamaí a chomhchuímsiú.
- ❖ Tá sé an-inmhianaithe éascaíocht a dhéanamh do mhúinteoirí cáilithe toilteanacha na staire chun líon sásúil ranganna staire a mhúineadh, agus tá sé an-inmhianaithe struchtúr tacaíochta a bheith laistigh de scoileanna i gcomhair na múinteoirí nuacheaptha.
- ❖ Moltar go láidir go scaoilfear i gcomhair na forbartha gairmiúla leantaí na múinteoirí a mhúineann faoi láthair nó ar dealraitheach go múinfidh siad siollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta.
- ❖ Moltar go bhféachfar ar fhorbairt na saoráidí leabharlainne scoile agus ar theagmhálacha le gníomhaireachtaí seachtracha tacaíochta mar thacaíocht thábhachtach don obair staidéir thaighde i gcomhair na mac léinn staire Ardteistiméireachta.
- ❖ Moltar go mbeidh teacht ag ranganna sinsearachta staire ar sheomra na ríomhairí chun éascaíocht a dhéanamh don teagasc agus don obair thaighde laistigh den siollabas athbhreithnithe.

2 Pleanáil agus ullmhúchán

Pleanáil chomhoibríoch

D'fhionn cigirí go raibh líon méadaitheach scoileanna tar éis gabháil don phleanáil ábhair ar leibhéal níos foirmiúla ná roimhe seo. Gnáthghníomhaíocht tosaigh a bhíonn ag roinn ábhair is ea comhordaitheoir nó ceann ábhair a shainiú, ar bhonn deonach de ghnáth agus baill fhoireann na staire ag uainíocht ar a chéile gach bliain chun deimhin a dhéanamh de leathadh na freagrachta chomh cothrom agus is féidir. Ceapann roinnt scoileann móra ceann Staire mar phost freagrachta, ach fionntar gur rud eisceachtúil agus nach gnáthrud é seo. Ar na saincheisteanna a bhíonn go mór faoi chaibidil i gcruinnithe na roinne ábhair, go hairithe nuair nach mbíonn ach cruinniú nó dhó praiticiúil i rith na bliana sin, tá eolas a chur ar fáil faoi chúrsaí agus faoi dhátaí oiliúna inseirbhíse, téacsleabhair a phlé agus a roghnú, agus comhuirlisí measúnaithe agus foinsí acmhainne, agus stoc leabharlainne san áireamh, a fhorbairt. Molann na cigirí struchtúr den chineál sin i gcomhair na roinne ábhair mar struchtúr fíorluachmhar sna dálaí scoile go léir. Méadaíonn a inmhianaithe atá sé struchtúr foirmiúil den chineál sin a bheith ann i gcomhair na pleanála nuair atá líon mór múinteoirí i gceist agus nuair a mhúineann mórán acu líon beag ranganna staire an duine.

Tá buíon na staire an-ghníomhach, cé go bhfuil sí comhdhéanta de sheacht múinteoir déag. Tá comhordaitheoir deonach uirthi agus buaileann an bhuíon le chéile uair amháin sa téarma ar a laghad chun riachtanais agus todhchaí an ábhair a bheartú. Is maith iad na taifid, miontuairicís, pleananna agus smaointe siollabais chomh maith le scéimeanna oibre do gach bliain, a choimeádann buíon na staire agus taispeánann siad seo obair chrua, smaointeoireacht agus seiftiúlacht ar thaobh na múinteoirí staire. Tá sé seo le moladh. Leagtar síos aidhmeanna agus cuspóirí do gach rang agus bhí siad seo soiléir sna ranganna ar tugadh cuairt orthu i rith na cigireachta.

Tá na tuairiscí cigireachta tar éis a thabhairt dá n-aire go bhfuil glactha ag líon méadaitheach ranna staire leis na prionsabail um plean scoile a fhorbairt, dul níos faide ná na saincheisteanna bunúsacha a léirítear thuas agus feidhm a bhaint as cur chuige struchtúrtha i leith na pleanála ábhair, mar a chuireann an Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile chun cinn. Mar acmhainn bhreise ina thaobh seo, foláonn an láithreán gréasáin HIST (www.hist.ie) roinnt ábhair úsáidigh ar phleanáil rannach, arna chur in oiriúint ó ábhar an Tionscnaimh um Phleanáil Fhorbartha Scoile chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bhíonn ag roinn staire. Is é seo a leanas cur síos ar shampla den chineál pleanála críochnúla roinne atá molta ag na cigirí:

Tá cultúr pleanála sa scoil, agus táthar tar éis am agus slí a thabhairt don bhuíon staire chun go bhféadfar bualadh le chéile, gnóthaí a phlé agus obair a bheartú i gcomhair an ábhair. Tá sé seo tar éis fás ó chur chuige na scoile i leith na Forbartha Pleanála Scoile i gcoitinne, atá tar éis díriú go láidir ar phleanáil agus ar fhorbairt an ábhair. Tionóladh trí chruinniú pleanála sna míonna deireanacha seo: leagtar amach clár oibre, miontuairiscí agus pleananna gníomhaíochta do gach cruinniú, ina nglacann na múinteoirí staire go léir páirt. Táthar tar éis pleananna sármhaithe a leagan amach maidir le seachadadh an tsiollabais, modúil, cláir agus ranganna ar leith de thoradh na gcruinnithe seo, agus baineann múinteoirí feidhm as fillteáin eolais ábhartha chun a ranganna a bheartú agus a bhainistiú. Cé gur mór an sochar a dhéanann na cruinnithe seo do theagasc agus d'eagrú na Staire, moltar freisin go dtiomnófar cruinniú amháin sa bhliain don phleanáil straitéiseach i gcomhair an ábhair, ag féachaint ní hamháin don ábhar féin ach freisin i gcomhar le pleanáil fhoriomlán na forbartha scoile.

Is feasach do chigirí nach furasta do mhúinteoirí an ábhair ná don bhainistíocht aga a chaitheamh le pleanáil fhoirmiúil den chineál sin. Sna scoileanna ina bhfuil roinnt mhaith múinteoirí staire ach ina bhfuil mórán acu ina múinteoirí ildhisciplíneacha, is saincheist a éilíonn eagrú cúramach atá i gceist chun éascaíocht a dhéanamh do chruinnithe pleanála sa dóigh go bhféadfaidh fiú tromlach na múinteoirí

staire orthu. I mórán scoileanna meastar gur sprioc atá inbhainte amach é trí chruinniú pleanála ábhair sa bhliain agus ní léir do na cigirí go bhfuil údar acu le dul thairis sin sna moltaí praiticiúla. Ar an gcuma chéanna, níor chóir meas faoina luach a thabhairt ar an bpleanáil neamhfhoirmiúil leanúnach. Táthar tar éis roinnt oibre táirgiúla a dhéanamh sna himthosca sin, agus tá na cigirí tar éis a bheith an-thacúil d'iarreachtaí na múinteoirí ar smaointe, fadhbanna agus acmhainní teagaisc a roinnt le chéile thar theorainneacha na struchtúr foirmiúil roinne. Cibé acu go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil é, is féidir a lán tairbhe a bhaint as múinteoirí a bheith ag roinnt a dtairbhí le chéile, is cuma más tairbhí dhearfach nó tairbhí de shaghas éigin eile atá i gceist, ó thaobh na hoibre laethúla a bhaineann le teagasc na Staire sa seomra ranga. Táthar tar éis breathnú ar roinnt samplaí breátha den rud a bhféadfaí pleanáil “neamhfhoirmiúil” (ar an aon chúinse amháin go dtarlaíonn sé lasmuigh d’amanna sceidealta na gcruinnithe) a ghlaoch air ach atá ina obair structúrtha réamhbheartaithe mar sin féin, arís trí chur chuige comhoibríoch a chothú i leith eagrú agus soláthar na n-acmhainní. Féadfaidh an comhoibriú sin cuidiú le múinteoirí ó thaobh plé le siollabas Ardteistiméireacht atá an-fhada, dar le mórán múinteoirí, fiú más siollabas spreagthach é.

Mar phróiseas leantach, tá acmhainn luachmhar na n-ábhar a ullmhaíodh lena n-úsáid sna ceachtanna TFCéascaithe á saothrú ag na múinteoirí staire. Tá cartlann chruinn den chóir chlosamhairc uile atá ar fáil sa scoil faoina n-ábhar á cruthú acu ar dhiosca freisin. Is sampla den chleachtas is fearr é seo agus tá sé le moladh mar phróiseas leanúnach, mar rachaidh sé chun sochair ní hamháin do ghlúin reatha na múinteoirí agus na mac léinn ach freisin dá gcomharbaí.

Idirchaidreamh le gníomhaireachtaí seachtracha

Thaispeáin na cigirí go han-soiléir an tábhacht agus an luach a bhaineann le múinteoirí a bheith ag freastal ar chúrsaí inseirbhíse HIST, agus i bhformhór mór na gcásanna bhí glacadh an-dearfach ag na múinteoirí leis an oiliúint agus leis an tacaíocht leantach ó na baill den bhuíon HIST, ar líne agus go pearsanta. I líon beag scoileanna b'údar díomá, ábhairín, é páirteachas na múinteoirí staire san oiliúint inseirbhíse agus sa mheicníocht tacaíochta a thairg HIST. Ar áireamh i measc na dtosca sa scéal seo a bhí deacrachtaí bainistíochta ó thaobh na múinteoirí ábhartha go léir a scaoileadh, go háirithe nuair is múinteoirí ábhair eile dá bhfuil oiliúint inseirbhíse á cur ar fáil iad na múinteoirí, chomh maith le hathruithe gan choinne ar fhoireann na staire, easpa gnáthranga staire Ardteistiméireachta i roinnt scoileanna, agus ó am go ham tuairiscí ar theipeanna cumarsáide i ndáil le cúrsaí inseirbhíse a fhógairt. Is minic a bhíonn páirteachas na múinteoirí in oiliúint inseirbhíse eile ina n-am saor níos láidre san áit a mbíonn teacht go héasca ar an lárionad áitiúil oideachais. Tá sé seo intuigthe, ach mar sin féin moltar go hard é nuair a tharlaíonn sé, cuir i gcás mar sna cúrsaí tacaíochta faoin úsáid TFC do mhúinteoirí den Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas.

Is taca luachmhar follasach eile do mhúinteoirí í ballraíocht de Chumann Múinteoirí Staire na hÉireann (CMSE), go háirithe ón uair go bhfuil athrú mór ag tarlú sa siollabas agus go bhfuil athruithe suntasacha ag teacht ar mhodhanna agus ar fhéidearthachtaí acmhainne. D'fhionn na cigirí cleachtas éagsúla sna scoileanna ina thaobh seo. Is minic a bhíonn líon beag múinteoirí staire i scoil gníomhach mar bhaill den CMSE, agus gníomhaíonn siad mar idirchaidreamh neamhoifigiúil le baill eile den fhoireann de réir mar is gá. Is minic a bhraitheann éagsúlacht i dtaca le páirteachas sa CMSE ar an bhfad taistil idir scoileanna agus na gnáthionaid tionóil i gcomhair na gcruinnithe. Mar sin féin thug na cigirí dá n-aire go raibh leibhéal sláintiúil ballraíochta gníomhaí den CMSE i measc na múinteoirí sna scoileanna ar tugadh cuairt orthu agus tá siad tar éis aontú go fonnmhar leis an bpáirteachas seo mar áis shuntasach do mhúinteoirí na Staire ar fud na tíre.

Mar thaca breise chun an Stair a mhúineadh, táthar tar éis ballraíocht den chraobh áitiúil de Chumann Múinteoirí Staire na hÉireann a mholadh. Fiú murar féidir freastal ach ar roinnt de chruinnithe na craobhe, agus ag féachaint don phlé eisiach le saincheistanna na hArdteistiméireachta a fhéadfaidh cuid acu seo a dhéanamh i láthair na huaire, moltar ballraíocht den chraobh go croíúil mar mheicníocht tacaíochta agus mar dheis ar smaointe agus ar bhuarthaí a roinnt le raon mór múinteoirí staire eile. Thairis sin, tá múinteoirí ar baill iad i dteideal cóipe den iris “Stair” agus i dteideal teachta ar roinnt áirithe imeachtaí agus acmhainní eile le linn na bliana acadúla i gcomhair na múinteoirí agus na mac léinn.

Éifeacht shuntasach amháin atá tar éis a bheith ag obair HIST agus ag obair Chumann Múinteoirí Staire na hÉireann ar phleanáil ghinearálta agus ar fhorbairt ghairmiúil leantach is ea an éifeacht i réimse na TFC. Táthar tar éis roinnt mhaith samplaí a shainnaint i rith cigireachtaí d’úsáid chomhoibríoch acmhainní a chuir Cumann Múinteoirí Staire na hÉireann ar fáil agus d’úsáid leantach na n-ábhar agus an láithreáin ghréasáin de chuid HIST.

Is follasach í an fhorbairt ghairmiúil leantach ó dhíograis na múinteoirí dá gcumann ábhair, dá gcomhdhálacha múinteoirí staire, dá gcruinnithe inseirbhíse agus dá n-oiliúint inseirbhíse arna gcur ar fáil ag an Roinn i gcomhair shiollabas nua staire na hArdteistiméireachta. Ina theannta sin, tá oiliúint inseirbhíse in úsáid na TFC agus tá na múinteoirí go léir inniúil sa réimse sin. Rinne an t-ullmhúchán i gcomhair na ranganna agus seachadadh na n-ábhar faoi thiomáint na TFC le linn na ranganna fianaise leis seo. Spreagtar na mic léinn freisin le hoilteacht a bhaint amach in úsáid na ríomhairí agus i rang amháin ceanglaítear orthu léiriúchán PowerPoint a thabhairt dá gcuid ranga. Moltar é seo agus spreagtar é mar dhea-chleachtas.

Pleanáil agus ullmhúchán aonair

Táthar tar éis dul chun cinn suntasach a dhéanamh i réimse na pleanála comhoibríche sna scoileanna, ar an leibhéal foirmiúil agus an leibhéal neamhfoirmiúil araon, agus thuairiscigh na cigirí go ginearálta gur tharla pleanáil shásúil ar thaobh an mhúinteora aonair chomh maith. Comhairlíonn Eolaí ar Chigireacht Ábhair go mba chóir pleananna bliantúla nó pleananna téarmacha a choimeád, agus fionnadh go ndearnadh é seo i gcoitinne, agus gur choimeád roinnt múinteoirí comhaid théagartha ar phleananna na ranganna ar leith chomh maith. Tá na cigirí sásta a aithint go dtéann mórán pleanála agus ullmhúcháin atá cuiditheach níos faide ná scéimeanna scríofa oibre, mar shampla, agus go féadfaidh siad raon mór cáipéisí, acmhainní arna nginiúint ag na múinteoirí, agus bainistíocht an tsiollabais a chuimsiú.

Ar leibhéal an duine aonair, b'fhollasach agus ba mhórthaibhseach é tiomantas na múinteoirí don phleanáil agus don ullmhúchán. Chonacthas fillteáin a d'fholaigh taifid ar ghnóthachtáil na mac léinn, ar bhreac-chuntais théarmacha agus bhliantúla a n-oibre chomh maith le samplaí dá dtrialacha. Breathnaíodh ar dhuilleoga sármhaithe eolais agus bhain cuid acu feidhm as acmhainní gréasánbhunaithe, agus iad siúd ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann san áireamh, atá an-fhiúntach. Lena chois sin, sna ceachtanna go léir ar tugadh cuairt orthu, ba lánchuí do na bhliainghrúpaí a bhí i gceist é an t-ábhar a bhí á chlúdach agus thug sé ceann i gceart do chineál cumais mheasctha na ranganna. Bhí roinnt cairteacha sármhaithe de dhéantús na múinteoirí, a chlúdaigh téarmaí stairiúla agus dátlínte, le feiceáil freisin, mar aon le soláthar do thráthanna na gceist boird agus do stóráil na mac léinn de na bileoga eolais.

Nuair a cuireadh pleananna na ranganna ar leith ar fáil do na cigirí, bhí siad seo mórthaibhseach i gcoitinne ó thaobh a gcríochnúlachta agus a n-íogaireachta do riachtanais na ngrúpaí ábhartha ranga chomh maith le raon na saincheisteanna a bhí faoi bhreithniú agus na ceachtanna á n-ullmhú.

Léirigh pleanáil cheachtanna na múinteoirí feasacht agus tuiscint ar a ngrúpaí ranga. I gcomhréir leis an dea-chleachtas teagaisc, luaigh pleananna na gceachtanna na haidhmeanna, cuspóirí, modheolaíochtaí agus acmhainní a bhí chun taca a chur fúthu. Thaispeáin na pleananna go ndéanfaí na mic léinn a choimeád ar a ndualgas ar mhórán slite, agus ceisteanna faoi threorú an mhúinteora, léitheoireacht, rólghlacadh agus leagan amach na dtascanna sa rang san áireamh. Ba chuid de phleananna na gceachtanna é socrú na hoibre baile agus chuir sé slí eile ar fáil le cabhair a thabhairt do mhic léinn dul chun cinn a dhéanamh lena gcuid staidéir.

Pointe tábhachtach is ceart a athrá ná gurb í is aidhm chroíláir ba chóir a bheith le pleanáil agus ullmhúchán an mhúinteora aonair ná, de réir mar a mheasann na cigirí, breisiú an teagaisc agus na foghlama agus nár chóir gan ach loirg pháipéir a bheith i gceist. D'éascair cásanna i gcúrsa cigireachtaí ábhair nuair nár cuireadh aon phleanáil scríofa ar fáil nó nach raibh an phleanáil scríofa comhchosúil in aon chor leis an gceacht iarbhír ar ar breathnaíodh. Níl ceachtar den dá scéal seo sásúil. I roinnt áirithe cásanna, níor dhírigh na cáipéisí pleanála ach ar bhreac-chuntas a thabhairt ar na topaicí le clúdach i dtéarma nó i mbliain ar leith, geall leis, agus gan dóthain béime ar mhodhanna teagaisc. Ach fiú sna cásanna sin chuir na cigirí an t-aiceann go príomha ar an toradh a bhain an phleanáil agus an t-ullmhúchán amach agus ní ar na cáipéisí féin; agus nuair a bhí rian aiceann na pleanála agus an ullmhúcháin ar an bhfoghlaim agus ar na torthaí, moladh é seo.

Bhí fianaise shoiléir de phleanáil agus ullmhúchán an mhúinteora aonair i gcomhair na gceachtanna go léir ar ar breathnaíodh. Léirigh pleanáil cheachtanna na múinteoirí feasacht agus tuiscint ar chumais a ngrúpaí ranga. Bhí raon na míreanna a ullmhaíodh agus an mionathrú a rinneadh ar inneachar na gceachtanna ar leith chun foghlaim na mac léinn a éascú ina scáthán ar an machnamh a rinneadh i dtaobh cinneadh a dhéanamh faoi na modhanna ina spreagfaí foghlaim na mac léinn.

Mhol na tuairiscí freisin gur mba chabhair bhreise í do na múinteoirí dá gcoimeádfaí aon cháipéisí pleanála i bhfoirm leictreonach, sa mhéid go ndéanadh sé éascaíocht nób'fhearr do phleananna an mhúinteora aonair agus do phleananna na roinne a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar ba ghá. Cóipeanna leictreonacha de shiollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta a úsáid chun cuidiú le forbairt na bpleananna téarmacha agus bliantúla, sin straitéis eile a fhéadfaidh cuidiú le múinteoirí ó thaobh a ndul chun cinn trí inneachar an tsiollabais a bheartú agus a thaifeadadh ina dhiaidh sin. Dá roinnfí le comhghleacaithe iad, d'fhéadfadh cáipéisí den chineál sin a bheith fíorluachmhar do mhúinteoirí a thioctadh chun an tsiollabais as an nua agus a d'fhéachfadh le foghlaim ó thaithí a gcomhghleacaithe i dtaca le bainistíocht an ama agus leis an eagrú ginearálta.

Achoimre ar na príomhfhionnachtana agus na príomh-mholtaí

Is iad seo a leanas na príomhláidreachtaí agus na príomhréimsí forbartha a sainaitníodh sa chuid seo:

- Tá líon méadaitheach scoileanna tar éis gabháil don phleanáil ábhair ar bhonn níos foirmiúla ná roimhe seo agus molann na cigirí é seo mar dhlea-chleachtas.
- Féadfaidh eagrú na gcruinnithe foirmiúla pleanála ábhair sna scoileanna a bheith mar thaca luachmhar don phleanáil chomhoibríoch sa Stair.
- Leanann an phleanáil luachmhar fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil de theagasc agus d'fhoghlaim na Staire a éascú i mórán dálaí.
- Tá ballraíocht de Chumann Múinteoirí Staire na hÉireann tar éis bheith ina hacmhainn luachmhar i gcomhair na pleanála comhoibríche agus na pleanála aonair agus i gcomhair na múinteoirí staire i gcoitinne.
- Tá an chuid is mó de na múinteoirí tar éis fianaise shásúil a chur ar fáil faoin bpleanáil aonair ar bhonn téarmach nó bliantúil agus uaireanta ceacht ar cheacht.

Mar mhodh chun cur leis na láidreachtaí seo agus chun aghaidh a thabhairt ar réimsí forbartha, déantar na moltaí seo a leanas:

- ❖ Spreagtar forbairt roinne staire sna scoileanna go léir agus rannpháirtíocht le treoirlínte ábhartha an Tionscnaimh um Phleanáil Fhorbartha Scoile.
- ❖ Spreagtar an freastal ar oiliúint HIST agus úsáid na tacaíochta sin mar áiseanna luachmhara ó thaobh na pleanála comhoibríche agus an ullmhúcháin chomhoibríoch, agus ó thaobh na pleanála aonair agus an ullmhúcháin aonair.
- ❖ Moltar go láidir ballraíocht de Chumann Múinteoirí Staire na hÉireann.
- ❖ Tá sé tábhachtach go n-eagrófar cruinnithe pleanála ábhair sa dóigh go bhféadfaidh múinteoirí na Staire freastal ar na cruinnithe ábhartha.
- ❖ Spreagtar forbairt agus coinneáil leictreonach na gcáipéisí pleanála mar áis is féidir a chur in oiriúint agus a scaipeadh go héasca ó thaobh na pleanála agus ó thaobh an ullmhúcháin.

3 Teagasc agus foghlaim

Modheolaíocht ghinearálta

Ag féachaint dá inmhianaithe agus dá choitiantacht atá sé an phleanáil agus an t-ullmhúchán aonair a bheith déanta ag na múinteoirí, mar a léirítear thuas, is follas an iarmhairt a bhíonn ag an ullmhúchán maith ar mhodhanna sa seomra ranga ó na nóiméid tosaigh sna ceachtanna ar ar breathnaíodh. Bhain an chuid ba mhó den teagasc ar ar breathnaíodh fónamh as roinnt áirithe modhanna chun tús a chur le ceachtanna, agus ar na modhanna sin bhí seisiúin ghearra athruaille ar ábhar a clúdaíodh cheana, ceisteoireacht ó bhéal ar thopaicí comhchosúla, úsáid na léaráidí damháin alla chun ransú smaointe a éascú, bileoga eolais a dháileadh agus faireachán a dhéanamh ar obair bhaile, más cuí. D'oibrigh siad seo go sásúil mar mhodhanna chun tús a chur le ceachtanna. Breathnaíodh ar bheartaíocht eile i rith na gcigireachtaí a chonacthas ní b'annaimhe ach a bhí suaithinseach mar sin féin agus a thuilleann feidhmiú níos leithne ó thaobh tús a chur le ceachtanna. Chuimsigh an bheartaíocht sin ceisteanna gríosaitheacha a chur chun ceist stairiúil a chur faoi chaibidil i measc na mac léinn agus grianghraif, léarscáileanna, cartúin nó gearrtháin ghearra clóstéipe nó fístéipe a thabhairt isteach chun iad a chur ag smaoineamh faoin gceacht le teacht. Cibé modh a úsáideadh, thagair tuairiscí dá inmhianaithe a bhí sé aidhmeanna agus cuspóirí an cheachta a shoiléiriú go luath do na mic léinn, agus ba cheart an pointe sin a bheith ina ghné lárnach de leagan amach na gceachtanna.

I mbeagnach gach rang ar ar breathnaíodh, tréith lárnach na modhanna teagaisc ab ea úsáid na ceisteoireachta. Sa chuid ba mhó de na cásanna bhí an cheisteoireacht seo faoi threorú na múinteoirí, cé gur thug na cigirí dá n-aire go raibh roinnt mhaith samplaí suimiúla den fhreagracht as ceisteanna a fhorbairt a bheith curtha ar mhic léinn trí obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga. Uaireanta freisin breathnaíodh gur forbraíodh go rathúil ceacht sinsearach iomlán timpeall ar roinnt áirithe ceisteanna, a fhreagraíonn don chur chuige ar bhonn fiosraithe a spreagtar i siollabas athbhreithnithe na

hArdteistiméireachta. D’oibrigh na modhanna sin go han-mhaith agus is cinnte go dtuilleann siad a thuilleadh úsáide sna ranganna. Agus sinn ag féachaint ar phróisis níos traidisiúnta cheisteoireachta faoi threorú na múinteoirí, thug na cigirí dá n-aire conas mar a dhéanann siad soláthar do mhéid sláintiúil idirghníomhaíochta i rith na ranganna go ginearálta ach chuir siad béim ar an ngá le héagsúlacht ó thaobh fónamh a bhaint as ceisteoireacht den chineál sin. D’áitigh na tuairiscí go minic go mba chóir ceisteanna ísealoird agus ardoird a mheascadh chomh maith le húsáid na gceisteanna a dhíreofaí ar dhaoine ar leith i gcomhar leo siúd a lorgódh freagraí deonacha.

Bhí na mic léinn páirteach sna ceachtanna ón tús agus d’fhreagair siad go maith, go háirithe nuair a fiafraíodh ceisteanna de dhaoine ar leith agus nuair a iarradh ráitis orthu, de ghnáth de réir ainm. Nuair a thairg mic léinn an t-eolas ceart, dearbhaíodh iad, agus nuair ba ghá a thuilleadh eolais, tugadh mic léinn eile isteach sa díospóireacht go dtí gur réitíodh an gnó. Bhí sé seo le feiceáil i mbeagnach gach rang agus bhí sé fíorshoiléir sna ranganna Ardteistiméireachta ina raibh na mic léinn gafa go gníomhach i gcónaí sna próisis foghlama.

Tugadh ceisteoireacht mhaith faoi deara go háirithe mar ghné thábhachtach den teagasc éifeachtach sna ranganna cumais mheasctha ina bhfuiltear tar éis na ceisteanna a mhúnlú go cúramach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mac léinn éagsúil agus ina ngníomhaíonn na ceisteanna féin mar spreagthachtaí chun cuspóirí lárnacha foghlama a shainaithint agus a choinneáil. Moltar freisin go bhféachfaidh próiseas na ceisteoireachta lena oiread de mhic léinn agus is féidir a tharraingt isteach sa cheacht ar bhonn rannpháirteach gníomhach.

Cibé acu i ndálaí speisialta ranga nó i ngnáthranganna cumais mheasctha é, rinne múinteoirí cúram de cheisteanna a chur in oiriúint d’infheidhmeachtaí agus d’aoiseanna na mac léinn. Uaireanta treisíodh leis an gceisteoireacht éifeachtach trí straitéisí ar thaobh na múinteoirí mar eochairthearmaí a thug mic léinn ina bhfreagraí a chur ar an gclár nó aird na mac léinn a tharraingt ar chodanna agus ar léirithe i dtéacsleabhair a threisigh leis na freagraí a tugadh. Uaireanta freisin, leagadh amach an

cheisteoireacht sa dóigh go dtarraingíodh na mic léinn go pointe teagmhála leis an ábhar nua a bhí le tabhairt isteach i dtéagar an cheachta. D'éirigh go geal leis na teicnící ceisteoireachta seo go léir agus is amhlaidh a mholtar go leanfar dá bhfeidhmiú.

Rinneadh tagairt cheana sa tuairisc seo don tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na mac léinn sna téarmaí agus coincheapa lárnacha a ghabhann leis an Stair a spreagadh. Bhain múinteoirí fónamh as raon mórthaibhseach modhanna chun an rannpháirtíocht seo a chur i gcrích. Is iomaí uair a thaispeáin na cigirí chomh feiliúnach atá an cur chuige seo, i bhfianaise na béime ar eochairfhocail i gClár Scoile an Teastais Shóisearaigh agus na béime ar choincheapa ag ardleibhéal na hArdteistiméireachta. Ar uairibh chomhlánaigh múinteoirí an bhéim seo ar an tuiscint trí fheidhm a bhaint as amlínte, cuid acu atá go buan ar bhallaí an tseomra ranga agus a ligeann dá staidéar mar is mian le daoine de réir mar a dhéantar staidéar ar thopaicí áirithe. Smaoineamh éifeachtach eile ná an fhorbairt a rinne mic léinn ar shaghas “foclóra staire”, ina ndearna siad taifeadadh slachtmhar ar fhocail thábhachtach agus ar shainmhínithe tábhachtacha. Fios na Staire a chur i gcreataí den chineál sin, is léir go gcabhraíonn sé le tuiscint a fhorbairt ar an am agus ar an stór focal is gá chun “Stair” mhaith a scríobh, rud ba chóir a bheith mar aidhm na hoibre seo ar deireadh thiar.

I gcomhréir le treoirlínte an tsiollabais sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon, táthar tar éis mórán den bhéim ó thaobh úsáid na gcóiracha amhairc a leagan ar an léiriú, noda stairiúla faoin am atá thart a shainnithint agus go bunúsach samhlaoidí a mhiondealú mar fhoinsí. Is é is fearr atá sé seo déanta ná nuair atáthar tar éis an bhéim a leagan ar mhic léinn a spreagadh chun a gcuid léirithe féin a thairiscint de rogha ar ghlacadh le míniú na múinteoirí gan rudaí a bhreithniú as a stuaim féin, agus an bhéim a leagan ar fhorbairt na scileanna anailíseacha a oiread agus is féidir. Arís, mheas na cigirí go bhféadfaí an cur chuige sin, a bhí bunaithe ar chóiracha amhairc agus ar fhoinsí, a chur in oiriúint go háirithe do ghrúpaí ranga cumais mheasctha, agus an deis a bheith ag na múinteoirí ar an mbéim a éagsúlú mar is gá idir tuiscint, comparáid, léirmheas agus comhthéacsú, mar a chomhairlíonn treoirlínte an tsiollabais.

Cur chuige mac léinn-lárnach

Fionnadh gur pas beag teoranta é an fónamh a bhraith múinteoirí a bheith in ann a bhaint as modhanna mac léinn-lárnacha, mar obair i bpéirí, obair i ngrúpaí agus rólghlacadh. An fad mór a mheastar a bheith ar shiollabas an Teastais Shóisearaigh, nuáil agus fad an chúrsa athbheithnithe Ardteistiméireachta agus gan dóthain ama i mbun ranga a bheith ar fáil, sin iad na constaicí tromaí a luaitear mar rudaí a chuireann isteach ar fhorbairt na straitéisí sin. Tugadh faoi deara gur baineadh beagáinín ní ba mhó feidhme as na modhanna seo i Stair na hIdirbhliana, ach níor chóir áibhéil a dhéanamh air seo. Thug na cigirí dá n-aire go raibh taithí ar dheacrachtaí ag múinteoirí sna réimsí seo agus mhol na cigirí go mbainfí leas as turgnaimh agus codanna gearra de ranganna chun iarracht a thabhairt ar a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar straitéisí den chineál sin, agus ceann á thógáil go bhféadfaidís bealaí luachmhara tríd an ábhar a chur ar fáil do mhic léinn agus go bhféadfaidís forbairt a dhéanamh ar scileanna léirmheastacha smaointeoireachta, ionbhá, obair bhuíne agus féinmhuinín. D'fhionn na cigirí go ndearna seisiúin ghearra ransaithe smaointe i measc na mac léinn, arna n-éascú ag an múinteoir, sochar ó thaobh mic léinn a spreagadh chun a bheith páirteach ag tús nó críoch na topaice nó na saincheiste, cibé acu sna ranganna soisearacha nó ranganna sinsearacha é. Sna háiteanna inar breathnaíodh ar an obair ghrúpa, bhí sí struchtúrtha go maith agus chabhraigh sí le rannpháirtíocht agus foghlaim na mac léinn. Ní gá go gcuimsíonn úsáid na modhanna sin a lán ama breise thar an méid a bheadh riachtanach ar aon nós chun inneachar an cheachta a chlúdach. Táthar tar éis a fháil amach go gcuidíonn an obair ghrúpa sa mhéid go gcuireann sí tréith amhairc lena bhfuil sa cheacht agus ar an gcuma sin go dtreisiúnn sí leis an bhfoghlaim, agus ar shlí shimplí shaoráideach go minic.

Na tascanna grúpa a sannadh do rang sraithe sóisearaí, spreag siad an rang le bheith gafa le staidéar a dhéanamh ar a mbileoga eolais chun na freagraí ar na ceisteanna a aimsiú. Bhí ar na mic léinn na freagraí cearta a scríobh ar stráicí páipéir dhaite a ghreamaigh ball de gach grúpa de chlár an tseomra ranga.

Chonacthas an rólghlacadh ní b’annaimhe ná an obair i bpéirí nó an obair i ngrúpaí le linn na gcuartheanna cigireachta. Is ábhar díomá é seo freisin. Nuair a breathnaíodh air chuir sé an éagsúlacht, an chomhaimsearthacht agus go minic an greann le ceachtanna, agus uaireanta bhí sé an-éifeachtach i dtaca le hobair athbhreithnithe i gcomhair ranganna scrúdaithe nó le hathruaill ghearr ar ábhar de réir mar a dhruideann ceachtanna chun deiridh. Níor ghlac an rólghlacadh ní ba mhó ama ná míniú an mhúinteora nó ceisteoireacht idir an múinteoir agus na mic léinn nuair a breathnaíodh air. Is é is fearr a d’éirigh leis nuair a bhí na smaoite simplí soshamlaithe.

Uaireanta, chuir comhaimsearthacht den chineál sin ar chumas na mac léinn páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcuid foghlama féin, agus chonacthas roinnt samplaí iontacha den rólghlacadh, a d’fhorbair tuiscint na mac léinn ar a gcuid Staire i gcónaí, agus b’fhéidir i ngan fhios dóibh ar uairibh. Bhí agallaimh le “réalta” Ceilteach agus fógrán ó fhear díolacháin fulacht fiadh saoihiúil agus oideachasúil ar aon uain. Ba léir an taitneamh a bhain na mic léinn as an gceacht agus ba é an rud a bhí dáiríre sa bhualadh bos i gcomhair an athchruthaithe a rinne siad ar shearmanas meánaoiseach chun ridire a dhéanamh de dhuine, agus claíomh airgid mar chuid den searmanas, ná comhartha gur mhór a meas ar a bhfoghlaim féin.

Bhí na cigirí ina bhfinnéithe ó am go ham ar dhíospóireachtaí ranga a bheith úsáidte mar mhodh chun an Stair a mhúineadh agus a fhoghlaim ar shlí mac léinn-lárnach. Tharraing roinnt tuairiscí aird ar phróisis shármhaithe díospóireachta agus plé ar baineadh fónamh astu de réir mar a spreagadh mic léinn shinsearacha chun coincheapa agus eilimintí tábhachtacha i siollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta a chíoradh. Fionnadh gur oibrigh cur chuige den chineál sin, a chlúdaigh raon mór ceisteanna, go maith i ranganna sóisearacha freisin, go háirithe nuair a bhí saincheisteanna athbhreithnithe ina dtosaíocht. I gcásanna áirithe d’fhéach díospóireachtaí den chineál sin le cuimhne agus tuiscint na mac léinn a athnuachan, agus san am céanna athrá lom an ábhair ar a ndearnadh staidéar a sheachaint san athbhreithniú. D’éirigh go geal leis seo agus moltar go mbainfear a thuilleadh feidhme as i ngnáthdhálaí agus i ndálaí athbhreithnithe.

Ba é an chéad rud a chonacthas sa chuairt ar an rang a bhí ag ullmhú i gcomhair díospóireachta ar an Reifirméisean ná go rabhthas tar éis cóir mhaith a chur ar an seomra ranga. Bhi ceithre dheasc i gcomhair na bpríomhchainteoirí a rinne ionadaíocht don Phápa, Martin Luther, John Calvin agus Huldreich Zwingli, agus iad ar aghaidh na sraitheanna suíochán a leagadh amach i gcomhair an luchta féachana a bhí páirtíneach agus a bhí comhdhéanta den chuid eile den rang. Chaith roinnt áirithe mac léinn T-léinte a thaispeáin an taobh lenar thacaigh siad. Bhí a ndíograis don díospóireacht soiléir.

Tá múinteoirí na Staire tar éis méid mór oibre a dhéanamh ó thaobh cabhrú le mic léinn a bheith gafa leis an ábhar agus téann sé seo os cionn réimse na modhanna teagaisc de réir na céille cúinge de na focail sin. Bhreathnaigh na cigirí ar mhórán cásanna den mhíniú cúramach ar choincheapa deacra agus ar fhocail dheacra, den séadú cuí agus den chur chuige beathaisnéiseach beoga le mic léinn óga agus thug na cigirí ardmholadh dóibh.

Ón uair go n-oibríonn an scoil córas bandála sa tsraith shóisearach agus cé go bhfuil grúpaí sonracha staire gnáthleibhéil agus ardleibhéil sa tsraith shinsearach aici, ba dhíol suntais é gurbh annamh a rinne an teagasc a chonacthas a bheag den ghá le soiléireacht, gan spleáchas ar na grúpálacha ranga á múineadh. Focail thábhachtacha nó dheacra, cosúil le “claonroinnt”, “imshuí”, “sáithithe” agus a lán focal eile, díródh go diongbháilte orthu agus míníodh go soiléir do mhic léinn iad. Cuireadh treise ar dhaoine aonair a bhí lárnach do roinnt topaicí casta ceachta, mar an gCogadh Fuar agus an Dara Cogadh Domhanda agus tarraingíodh as a gcúlraí, agus tuairimí polaitiúla nó sonraí beathaisnéiseacha san áireamh, mar ba chúil chun iad a chur sa chomhthéacs cuí do mhic léinn. Stad múinteoirí dá bhforbairt cheachta go minic chun deimhin a dhéanamh de thuiscint na mac léinn.

Eilimint mhac léinn-lárnach ríthábhachtach de mhórán den inneachar ceachta a chonacthas i rith cigireachtaí ab ea iarracht na múinteoirí ar nasc a dhéanamh idir an ábhar stairiúil á chlúdach agus imeachtaí, daoine agus cúrsaí reatha, agus saincheisteanna saoránachta san áireamh, rudaí is furasta do

mhic léinn a thuiscint. Ina thaobh seo, analacha a dhéanamh idir an Stair agus cláir theilifíse, ceangal a dhéanamh idir spórt agus imeachtaí stairiúla, liricí a úsáid ó amhráin ar mor an tóir atá orthu agus an iliomad beartaíochta eile, táthar tar éis fónamh a bhaint astu i gceachtanna chun rannpháirtíocht na mac léinn a spreagadh agus chun a chur ar a súile dóibh go mbaineann an Stair le hábhar agus gur díol suime í an Stair. Ar an gcuma chéanna, thug na cigirí ardmholadh do thiomantas na múinteoirí ó thaobh analacha agus samplaí stairiúla áitiúla a fhorbairt chun a thuilleadh ábharthachta a chur leis an ábhar náisiúnta agus, uaireanta, idirnáisiúnta a bhí á mhúineadh. Is tábhachtach an rud é seo i gcás na ranganna sóisearacha agus b'fhéidir níos tábhachtaí fós i gcás na sraithe sinsearaí, mar sa chás sin braitheann na cigirí go n-oireann saoirse choibhneasta na hIdirbhliana agus comhchuid an staidéir thaighde de shiollabas athbheithnithe na hArdteistiméireachta do bhéim áitiúil den chineál sin.

Úsáid na n-acmhainní agus na n-ábhar tacaíochta

Tagraíodh cheana don fhorbairt a rinne múinteoirí ar fhoinsí móra acmhainní faoin gceannteideal Pleanáil agus ullmhúchán. Bhreathnaigh na cigirí ar fheidhm shuntasach á baint as na ábhair sin sna ceachtanna ar tugadh cuairt orthu, agus ba iad na hacmhainní ba choitianta a úsáideadh ná bileoga eolais amhairc agus bileoga eolais théacsáigh araon, trédhearcáin lastuas agus ábhar físeáin. I bhformhór mór na gcásanna baineadh feidhm tháirgiúil as na hábhair thacaíochta seo, mar thug siad éagsúlacht agus tréith amhairc do theachtaireacht a bhí briathartha amháin gan iad. Fionnadh go ndearna cairteacha agus léarscáileanna, ar an mballa agus ar an gclár, sochar comhsheasmhach ó thaobh soiléireacht a chur le topaicí agus rannpháirtíocht na mac léinn a spreagadh, cuid acu nach bhfuil chomh compordach sin le teachtaireachtaí ó chluais nó i scríbhinn amháin.

Bhí torthaí mórthaibhseacha le mic léinn ag bileoga eolais ina raibh inneachar amhairc chomh maith le hinneachar téacsach. Ar na bileoga a bhí an-mhaith bhí léarscáileanna, grianghraif, cartúin pholaitiúla agus leatháin fíricí. Tá na cigirí den tuairim gur smaoineamh an-chiallmhar é cóip a thabhairt do mhic léinn shinsearacha den chuid ábhartha den siollabas atá á gclúdach acu. Moltar go spreagfar do mhic

léinn fillteáin nó ceangláin a choimeád i gcomhair na n-ábhar dáileacháin a fhéadfar a thabhairt amach sa rang, mar thaca follasach don fhoghlaim agus don choinneáil.

Uaireanta eile, chuimsigh múinteoirí sleachta as físeáin nó thagair siad i mbeagán focal do léirithe i dtéacsleabhair chun treisiú le hinneachar na gceachtanna. Ó am go chéile, baineadh fónamh as déantáin stairiúla agus samhlacha de dhéantus na mac léinn, agus dá bhrí sin tugadh tréith “inlámhsithe” tríthoiseach do rannpháirtíocht na mac léinn. Aithnítear agus moltar go hiomlán an obair ullmhúcháin a bhaineann le húsáid na n-ábhar sin arís.

B’iomaí spreagthachtaí amhairc agus tadhaill a bhí ann, ó ghrianghraif lannacha d’fhionnachtana seandálaíochta agus de shuímh sheandálaíochta, go bileoga eolais a fholáionn cartúin pholaitiúla, grianghraif chartlainne, léarscáileanna, líníochtaí agus fiú samhlacha d’áiteanna cónaithe ársa a chruthaigh na mic léinn mar thionscadail. Uair amháin, tugadh cóip de nuachtán stairiúil isteach chun cabhrú le beocht a chur sna himeachtaí. Chonacthas béim an-mhaith freisin ar shaintréithe aghaidhe de phearsna stairiúla ar leith a d’fhéadfadh eascairt i bpáipéir scrúdaithe.

Is cinnte gurb í an acmhainn is comhsheasmhaí ó thaobh an Stair a mhúineadh ná an clár dubh nó an clár bán sa seomra ranga. Tá na cigirí tar éis a bheith sásta go ginearálta le leibhéal na húsáide a rinne múinteoirí ar an acmhainn seo atá simplí ach atá luachmhar fós chomh maith. B’annamh a thug tuairiscí le tuiscint gur baineadh rófheidhm as an gclár, cé go bhfuil sé tábhachtach dar ndóigh go mbainfear feidhm as aon acmhainn den chineál sin i gcomhar le cinn eile agus go ndéanfar é a chomhtháthú le modhanna ginearálta teagaisc. Chun an fhírinne a rá, táthar tar éis usáid an chláir a mholadh i roinnt mhaith tuairiscí mar áis don shoiléiriú chun cabhrú le mic léinn na saincheisteanna á gclúdach a shamhlú, chun suímh stairiúla thábhachtacha a shainaithint ar imlínte simplí léarscáile, chun léaráidí damháin alla a chruthú tríd an ransú smaointe agus chun liostaí a leagan amach de théarmaí tábhachtacha nó deacra de réir mar a théann ceachtanna ar aghaidh. Is minic atá an clár tar éis a bheith ina uirlis thábhachtach do mhúinteoirí ó thaobh treisiú le litriú na dtéarmaí deacra, béim a chur ar dhátaí, focail eachtracha nó

focail fhada a bhriseadh síos go comhchodanna intuigthe, agus - i gcás na mac léinn sinsearacha go háirithe – scileanna freagartha agus eagrúcháin le mic léinn. Ní miste athrá a dhéanamh ar an riail ghinearálta ó thaobh féachaint le treisiú le teachtaireachtaí ó bhéal a thagann as plé ranga nó ceisteoireacht ranga trí theachttaireachtaí amhairc ar an gclár.

Réimse inar thairg cigirí moltaí chun an fheidhm ab fhearr a bhaint as obair chláir is ea réimse rannpháirtíocht na mac léinn san obair. Cuireadh a thabhairt do mhic léinn teacht chuig an gclár agus focail tábhachtacha nó dátaí tábhachtacha a scríobh mar chuid de stratéis athbhreithnithe, chonacthas gur oibrigh sé sin go han-éifeachtach i roinnt áirithe ranganna staire. Tá sé tábhachtach fós go mba chóir go mbeadh an scríbhinn sna dálaí sin trom agus soiléir go leor go bhféadfadh mic léinn eile í a léamh go héasca. Nuair atá múinteoirí tar éis mic léinn a spreagadh chun nótaí a scríobh ar na pointí tábhachtacha a cuireadh ina láthair trí mheán an chláir, tá na cigirí tar éis a fháil amach gur modh éifeachtach foghlama é seo freisin. Tá roinnt tuairiscí tar éis idirdhealú a dhéanamh idir nótaí a bheith “á nglacadh” ag mic léinn – díreach cibé rud atá scríofa ar an gclár a scríobh síos ina gcóipleabhair – agus an rogha is fearr faoi iarraidh orthu nótaí “a dhéanamh”. Ní cheanglaíonn sé seo orthu cibé rud a fheiceann nó a chloiseann siad a scríobh síos ach ceanglaíonn sé orthu na príomhphointí nó na príomhfhocail a roghnú dá leabhair nótaí féin. Seo cleachtas a fhéadfaidh, má fhorbraítear ar feadh tamaill é, cuidiú le mic léinn ó thaobh foghlaim a dhéanamh ar cad atá tábhachtach agus cad nach bhfuil tábhachtach a shainaithint dóibh féin, agus spreagfaidh sé forbairt na scileanna anailíse agus cóimheasa agus san am céanna féachfaidh sé chuige go gcoinneoidh na mic léinn an t-ábhar tábhachtach a fhéadfaidh a bheith curtha ar chlár an tseomra ranga.

I mórán seomraí ranga chonacthas gur bhain na múinteoirí feidhm tháirgiúil as osteilgeoirí mar mhalairt ar fheidhm a bhaint as an gclár. Tugann teilgeoirí an deis ar léirithe, léarscáileanna agus ábhar eile a chur i láthair na mac léinn ar shlí nach féidir a dhéanamh go héasca trí úsáid an chláir amháin. Luaigh tuairiscí ar uairibh an tábhacht a bhain le deimhin a dhéanamh d’infheictheacht na scáileán ag na mic léinn agus

le soilsiú an tseomra a bheith ag éascú úsáid an teilgeora, agus freisin an gá leis an iomad ábhair a sheachaint, cibé acu ábhar amhairc nó béil é, ar thrédhearcáin aonair. Tríd is tríd, áfach, meastar gur modh foghlama atá luachmhar agus cuíosach simplí é osteilgeoirí a úsáid i seomraí ranga, agus gur luachmhar do mhic léinn é bileoga eolais a bheith déanta de thrédhearcáin ag múinteoirí. Nuair atáthar tar éis na trédhearcáin sin a chruthú ar an ríomhaire, is léir gur buntáiste breise do mhúinteoirí é cineál instóráilte inleasaithe in-athúsáidte an ábhair sin, rud a thuilleann ardmholadh nuair a bhreathnaítear air.

Tagraíodh cheana do na deacrachtaí atá tar éis tarlú i ndáil le fáil a bheith ar an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide sna scoileanna. Tá na deacrachtaí sin tar éis eascairt sa seomra ranga freisin. Níl aon amhras ná go bhfuil an fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí a thairgeann an HIST agus an Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas tar éis dul i bhfeidhm ar roinnt áirithe scoileanna, lena n-áirítear úsáid an TFC i gcomhair na hoibre taighde agus (níos annaimhe) i gcomhair an teagaisc ranga agus na foghlama ranga. Sna ranganna a trealmhaíodh le ríomhairí agus teilgeoirí sonraí, thug na cigirí dá n-aire go ndearna na hacmhainní sin sochar ó thaobh cur leis na tréithe amhairc agus idirghníomhaíochta den teagasc agus den fhoghlaim. Bhí na sochair thar a bheith follasach nuair a rinneadh gnáthchuid shaol an tseomra ranga den TFC, agus fónamh á bhaint go gníomhach ag múinteoirí as an ríomhaire agus as an teilgeoir sonraí mar áiseanna lárnacha teagaisc.

Nuair a baineadh fónamh as ríomhaire glúine agus teilgeoir sonraí i gcomhair na hoibre cáipéise, bhí caighdeán na hanailíse, an iarmhairt amhairc agus rannpháirtíocht foriomlán na mac léinn ar fheabhas. Bhí sé thar a bheith cuí sna ranganna ábhartha an fiseán agus an teilgeoir sonraí a shnaidhmeadh leis an treisiú ó bhéal agus ar an gclár, go mór mór nuair a baineadh feidhm as na heochairphointí béime sa siollabas agus sna treoirlínte chun an obair sin a mhúnlú. Ba chúis sásaimh mhóir é go ndearnadh rud fóna leis an ábhar a bhí ar fáil trí Bhuíon Inseirbhíse na Staire.

Mar sin féin, seo réimse inar féidir a thuilleadh a chur i gcrích fós, go háirithe más féidir le ranna staire acmhainní pictiúrtha agus cáipéiseacha a thabhairt le chéile trí TFC a úsáid agus má bhíonn fáil acu go rialta ar an trealamh is gá chun feidhm a bhaint as TFC sa seomra ranga. Seo sampla den chineál fionnachtana a luaitear sna tuairiscí cigireachta.

Cé gur bhain roinnt den ábhar ullmhúcháin agus de na nótaí ullmhúcháin i gcomhair na ranganna feidhm as TFC, ba bheag an fhianaise d'obair ríomhghinte nó d'áiseanna amhairc sna ranganna a ndearnadh cigireacht orthu. Ós rud é go bhfuil seomra ríomhairí ann, seomra is féidir a úsáid ó am go chéile, tá sé tábhachtach ó thaobh phleanáil agus sheachadadh an ábhair sa todhchaí go mbainfear a thuilleadh feidhme as an ábhar TFC. Tá ábhar inúsáidte ar fáil go fliúirseach ar an láithreán gréasáin i gcomhair an tsiollabais nua Ardteistiméireachta, ábhar lena n-áirítear áiseanna amhairc, ranganna idirghníomhacha agus a thuilleadh foinsí lena féidir dul i gcomhairle. Ba chóir é a úsáid ar bhonn níos rialta agus níos slachtmhaire.

Is é an réimse deireanach a bhaineann le húsáid na n-acmhainní ar nochtai na cigirí barúlacha go minic orthu ná réimse na dtéacsleabhar. D'fhionn na cigirí i gcoitinne gurbh í an úsáid ab éifeachtaí de na téacsleabhair ná mar thacaíocht i gcomhair rannpháirtíocht na mac léinn agus mar áiseanna i dtaca le sóiléiriú, tascanna oibre baile agus athbhreithniú. Sna ceachtanna sóisearacha go háirithe, is féidir le téacsleabhair raidhse spreaghtachtaí amhairc a chur ar fáil ar féidir tarraingt astu, mar an gcéanna le foinsí cáipéiseacha sna ceachtanna sóisearacha agus sna ceachtanna sinsearacha araon. Ina theannta sin, bhain ranganna sinsearacha feidhm mhór agus go minic feidhm tháirgiúil as téacsleabhair, cé go bhfuil sé tábhachtach a chuimhneamh go bhfuil téagar mór san inneachar atá le clúdach i siollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta, agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach i gcónaí a bheith aireach ar an méid is gá a chlúdach, cibé acu an mbaintear nó nach mbaintear feidhm as téacsleabhair. Bhí na cigirí sásta a thabhairt dá n-aire gur rud eisceachtúil agus nach gnáthrud ó thaobh theagasc na Staire a bhí ann gan ach sleachta fada as téacsleabhair a léamh os ard, cibé acu an múinteoir nó mic léinn

roghnaithe a bheadh ag léamh. Is cinnte go bhféadfaidh úsáid roghnaíoch nó úsáid dhirithe de léamh an téacsleabhair a bheith táirgiúil i ndálaí áirithe sa rang. Mar sin féin, má tá mic léinn chun a bheith gafa le ceisteanna a fhreagairt, le hidirghníomhaíocht agus díospóireacht idir mic léinn agus múinteoirí, le hobair ghrúpa agus go ginearálta le stratéisí féinstiúrtha foghlama, níltear tar éis úsáid léamh na dtéacsleabhar mar an ghné chroíláir de mhodh an tseomra ranga a chothú sna tuairiscí cigireachta i gcoitinne.

Achoimre ar na príomhfhionnachtana agus na príomh-mholtaí

Is iad seo a leanas na príomhláidreachtaí agus na príomhréimsí forbartha a sainaitníodh sa chuid seo:

- Breathnaíodh ar éagsúlacht mhór straitéisí éifeachtacha chun tús a chur le ceachtanna staire.
- Ba faoi stiúradh an mhúinteora a bhí an chuid ba mhó den cheisteoireacht sa rang, cé gur breathnaíodh freisin ar roinnt úsáide éifeachtaí de cheisteoireacht mac léinn-le-mac léinn trí obair i ngrúpaí agus obair i bpéirí.
- Spreagtar comhcheangal de cheisteanna béil ísealoird agus de cheisteanna béil ardoird agus éagsúlacht idir ceisteanna a dhírítear ar dhaoine ar leith agus ceisteanna deonacha.
- Lig a lán den cheisteoireacht bhéil ar ar breathnaíodh do dhifreáil chúramach chun éascaíocht chuí a dhéanamh do réimsí éagsúla cumais laistigh de ghrúpaí ranga.
- Cé gur breathnaíodh ar roinnt mhaith forbartha ranga a chlúdaigh raon mór ceisteanna, fionnadh fianaise theoranta d'obair i ngrúpaí, obair i bpéirí agus modhanna nuálacha eile.
- Sna cigireachtaí i gcoitinne, fionnadh béim mhaith ar dheimhin a dhéanamh de thuiscint na mac léinn ar théarmaí agus ar dhátaí deacra agus ar shonraí a bhain go sonrach leis an ábhar.
- Chonacthas obair shuntasach ráthúil ó thaobh ábhar stairiúil a dhéanamh ábhartha do thaithí chomhaimseartha na mac léinn, agus feasacht áitiúil san áireamh, agus tá sé seo a mholadh go hard.
- I roinnt mhór cásanna, baineadh feidhm éifeachtach as raon ábhar tacaíochta ó thaobh ceachtanna a fhorbairt.

- ❖ Is príomhacmhainn a úsáideann múinteoirí é an clár dubh nó an clár bán fós, agus nuair a úsáidtear é seo ar mhodh struchtúrtha soiléir, arna dtreisiú ag rannpháirtíocht na mac léinn, ceisteoireacht agus déanamh nótaí, d'fhionn na cigirí go raibh sé éifeachtach i mórán imthosca.
- ❖ Sna hócáidí sin nuair a bhí TFC ina gnáthchuid den idirghníomhaíocht sa seomra ranga, ba go han-dhearfach a thug na cigirí an obair sin dá n-aire agus a spreag siad í.
- ❖ Is mór an luach atá ag téacsleabhair ó thaobh an Stair a mhúineadh, go háirithe mar áiseanna don shoiléiriú, mar fhoinsí amhairc agus mar fhoinsí téacsacha eolais, agus i gcomhair na dtascanna oibre baile.

Mar mhodh chun cur leis na láidreachtaí seo agus chun aghaidh a thabhairt ar réimsí forbartha, déantar na moltaí seo a leanas:

- ❖ Ba chóir cuspóirí na gceachtanna ar leith a shoiléiriú ag tús gach ceachta.
- ❖ Moltar obair i ngrúpaí, obair i bpéirí agus rólghlacadh mar mhodhanna maithe de theagasc mac léinn-lárnach nach gá níos mó ama a ghlacadh ná modhanna níos traidisiúnta.
- ❖ Nuair a dháiltear bileoga eolais ar mhic léinn tá sé tábhachtach a chinntiú go gcoinneofar iad seo agus go mbeidh siad insroichte i gcomhair athbhreithnithe agus oibre baile sa todhchaí.
- ❖ Is é is mó a threisiú go dearfach leis an teagasc trí theachtaireachtaí béil ná trí theachtaireacht amhairc in éineacht leo, trí mheán an chláir, na mbileoga eolais, na teilifíse, an osteilgeora, nó an teilgeora shonraí.
- ❖ Moltar go dtabharfaidh roinn staire scoile acmhainní cáipéiseacha agus pictiúrtha le chéile, de rogha i bhformáidí leictreonacha is furasta a úsáid dá bharr, mar thacaíocht i gcomhair an teagaisc agus na foghlama.
- ❖ Ní spreagtar an iomad úsáide de gan ach sleachta as téacsleabhair a léamh os ard mar mhodh agus dáiríre ní bhuailtear le méid ainmheasartha de i rith na gcigireachtaí.

4 Measúnú agus gnóthachtaí

Modhanna measúnaithe

Is saghas fíorluachmhar de mheasúnú leanúnach í an cheisteoireacht bhéil agus baineann múinteoirí staire feidhm choitianta aisti. Mar a luadh cheana, chonaic na cigirí gurbh í an áit ba rathúla inar éirigh léi ná nuair a beartaíodh ar cheisteanna ísealoird agus ardoird a mheascadh, nuair a cuireadh ceisteanna a díríodh ar dhaoine sonracha le ceisteanna a díríodh ar an rang uile, agus nuair a rinneadh iarrachtaí comhsheasmhacha ar an gceisteoireacht sin a dhifreáil chun dúshlán riachtanais na mac léinn ag a bhfuil réimsí éagsúla cumais a thabhairt agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin.

Táthar tar éis a fháil amach freisin gur cuid rialta de ghnáthaimh mheasúnaithe é sannadh na dtascanna oibre baile. De ghnáth, cuimsíonn na tascanna seo freagraí scríofa ar cheisteanna sonracha, a tharraingítear as téacsleabhair nó seanpháipéir scrúdaithe nó a fhorbraíonn an múinteoir. Ábhairín níos annaimhe, táthar tar éis tascanna léitheoireachta a shannadh do mhic léinn, tascanna a dheartar chun a dtuiscint a dhoimhniú ar ábhar a clúdaíodh sa rang nó chun feidhmiú d'fhonn buneolas a thabhairt ar ábhar a chlúdófar sa todhchaí. I gcoitinne ceanglaíonn na gnáthaimh lena nglactar ar chigirí faireachán a dhéanamh ar shampla de chóipleabhair na hoibre baile sna ranganna ar tugadh cuairt orthu. I measc na moltaí a rinneadh i ndáil le cineálacha na hoibre baile a sannadh, táthar tar éis tagairt dá inmhíonaithe atá sé ceachtanna amhairc a shnaidhmeadh isteach, ceachtanna mar thascanna faoi thiomáint spreagthachtaí nó ceachtanna ócáideacha líníochta do mhic léinn shóisearacha. Táthar tar éis a fháil amach go n-oireann trialacha iomlánaithe, crosfhocail agus modhanna dírithe measúnaithe eile go háirithe do mhic léinn ag a bhfuil leibhéil litearthachta níos ísle ach a bhfuil sé chomh tábhachtach acu le haon mhic léinn feasacht ar théarmaí agus ar choincheapa tábhachtacha a fhorbairt.

Laistigh de ghrúpaí cumais mheasctha ar an leibhéal sóisearach, táthar tar éis a chomhairliú freisin go ndéanfar breithniú ar thascanna amhairc – léaráidí simplí, líníochtaí, ceisteanna amhairc atá bunaithe ar spreagthachtaí etc. – a shannadh anois agus arís mar mhodh breise chun measúnú a dhéanamh ar mhic léinn, cuid acu a fhéadfar nach bhfuil lánchompondach san obair scríofa amháin.

Fionnadh freisin gur tharla tástáil rialta na mac léinn sa chuid ba mhó de na ceachtanna staire ar breathnaíodh orthu. Cibé acu i scúduithe scoile uile na Nollag nó an tSamhraidh, i dtrialacha ranga ar leith, nó i “dtrialacha deich nóiméad” ócáideacha chun topaic ar leith a shlánú é, thug na cigirí dá n-aire gur baineadh úsáid mhór as tástáil den chineál sin mar mhodh chun dul chun cinn na mac léinn a thomhas. Agus béim mhéadaitheach i mórán scoileanna ar fhorbairt na pleanála ábhair, chaintigh na cigirí freisin ar úsáid mhéadaitheach na straitéisí comh-mheasúnaithe. Tugtar ardmholadh dóibh seo i dtuairiscí cigireachta mar mhodh luachmhar chun dul chun cinn agus leibhéal chumais na mac léinn a thomhas, i gcomparáid lena bpiaraí. Cabhraíonn comh-mheasúnuithe le pleanáil chomhoibríoch na múinteoirí freisin, fiú nuair nach féidir ach dhá cheann nó trí cinn de na heilimintí i scrúdú ar leith a bheith i gcomhroinn.

Ar na modhanna measúnaithe is féidir a dhéanamh sa Stair ach nach bhfuil chomh traidisiúnta leis na cinn eile, is fiú úsáid na ndíospóireachtaí agus na labhartha poiblí a fheidhmiú ar bhonn níos leithne, mar a luadh cheana. Ní hionann i ngach cás an méid úsáide atáthar tar éis a bhaint as an obair thionscadail mar mhodh measúnaithe sa Stair. Nuair a fionnadh nárbh fhéidir cleachtais mheasúnaithe den chineál sin a dhéanamh, luadh mar pháirt-thosca na deacrachtaí ar a mbíonn taithí ag múinteoirí agus mic léinn ó thaobh féachaint le gach cuid ábhartha den siollabas a chlúdach. Dá ainneoin seo, d’fhionn na cigirí go raibh roinnt samplaí sármhaithe den obair thionscadail i measc na mac léinn sna bliainghrúpaí go léir, ina measc cairteacha balla, dlúthdhioscaí, samhlaigh agus leabhráin a chruthú, rudaí a aithnítear mar shamplaí den chleachtas an-mhaith. Cuireann an obair thionscadail sin slí ar fáil do mhic léinn lena féidir leo a gcuid suime sa Stair a dhoimhniú agus san am céanna tugann sí an deis dóibh ar thaithí a fháil ar mhothú gnóthachtála trína dtionscadail a chríochnú.

Tugann tuairiscí dá n-aire freisin gur chuir siollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta borradh breise faoin obair thionscadail. Táthar tar éis ardmholadh a thabhairt do thacaíocht na múinteoirí don obair seo, mar an gcéanna le cúl taca na gcomhlachtaí agus na gcoláistí seachtracha i gcomhair na dtionscnamh sin trína n-urraíocht ar chomórtais agus trí na córacha agus na háiseanna tacaíochta atá siad tar éis a chur ar fáil. Ar uairibh, d’eagraigh scoileanna turasanna téagartha staire nó tionscadail chomhoibríocha chun cabhrú le spreagadh a thabhairt do dhíograis na mac léinn a bhí ag tabhairt faoi staidéar éigeantach taighde i gcomhair na hArdteistiméireachta. Táthar tar éis moladh croíúil a bhronnadh ar an tiomantas sin sna tuairiscí cigireachta. Ar na hagúis a cuireadh sa scéal i gcás roinnt áirithe scoileanna bhí an deacracht a bhí ag roinnt mac léinn gnáthleibhéil ó thaobh tuairiscí staidéir thaighde a chríochnú agus, ar bhonn ní ba ghinearálta, an mothú gur ghá i bhfad ní ba mhó ama a ídiú chun an chuid seo den Ardteistiméireacht a chríochnú ná mar a tuaradh.

Measúnú i gcomhair na foghlama

Agus cóipleabhair na hoibre baile á n-athbhreithniú acu, d’fhionn na cigirí éagsúlacht shuaithinseach i dtaca leis an gcur chuige faireacháin a bhí á dhéanamh ag múinteoirí éagsúla. I mórán cásanna ceartaíodh an obair bhaile ó bhéal trí mheán na ceisteoireachta idir an múinteoir agus an mac léinn nuair a thosaigh an ceacht, agus na mic léinn ag breacadh na bhfreagraí síos ar a n-obair bhaile féin. Uaireanta iarradh ar gach mac léinn obair bhaile chomhghleacaí a cheartú, le teorú ón múinteoir. I gcoitinne, tógann múinteoirí cóipleabhair na mac léinn suas ó am go ham, chun faireachán a dhéanamh ar chríochnú na hoibre baile nó chun obair bhaile le freagraí níos faide, mar a sannadh, a cheartú. Chonaic na cigirí gur oibrigh rothlú an dá mhodh seo go maith, d’ainneoin gur deacair do mhúinteoirí an obair bhaile a dhéanann gach mac léinn a cheartú go pearsanta gach lá. Mar sin féin, tá sé inmhianaithe, dar ndóigh, gur feasach do mhúinteoirí i gcónaí ar conas mar a ghabhann mic léinn don obair bhaile agus don ábhar a chlúdaítear sna ceachtanna; agus tá cigirí tar éis a mholadh go ndéanfaidh múinteoirí ceartú pearsanta ar an obair bhaile a mhinice is indéanta.

Ní hionann i ngach cás an méid úsáide atá múinteoirí tar éis a bhaint as an measúnú múnlaiteach ó thaobh plé leis an obair bhaile nó leis an tástáil. Bhí sé ní ba choitianta feidhm a bhaint as ticeanna simplí, nó faireachán na marcanna amháin ná marcáil na mbarúlacha amháin, go háirithe san obair shóisearach a chonaic na cigirí. Seachas na tascanna um chumhdaigh a mheasúnú nó a chur i láthair a sannadh ó am go chéile i ranganna staire na hIdirbhliana, b'annamh a breathnaíodh ar an bhféinmheasúnú nó ar an bpiarmheasúnú, cé is moite den phiarfhaireachán ar an obair bhaile ar a ndearnadh cur síos cheana. Ba i gceartú na hoibre ní b'fhaide, agus obair shinsearach de ghnáth a bhí i gceist, a bhain múinteoirí úsáid ní ba tháirgiúla as an marcáil mhúnlaiteach, agus í bunaithe ar bharúlacha, ar obair na mac léinn. Tá sé seo intuigthe, ón uair gur teoranta é an t-am atá ar fáil do mhúinteoirí i gcomhair na hoibre sin, ach arís is saghas an-tháirgiúil measúnaithe é nuair a bhaintear feidhm as. Cé go bhfacthas go hannamh é, baineadh roinnt úsáide sármhaithe as an áis um athruithe a rianú i gcláir phróiseálaithe focal ó thaobh freagraí sinsearach ríomhthiomsaithe a cheartú, agus chabhraigh sé sin le mic léinn forbairt a dhéanamh ar mhodh an-mhúnlaiteach ar a scileanna i dtaca le ceisteanna a fhreagairt. Leag na cigirí béim i gcoitinne ar na sochair a bhaineann le cur chuige níos múnlaithí i leith na marcála, tríd an mbéim a bhogadh ó mharcanna go teorú agus trí threoirlínte na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a shnaidhmeadh isteach, cibé áit is indéanta. Is féidir tairbhe a bhaint freisin as feacht ar na scéimeanna marcála agus ar phrionsabail na scrúduithe stáit, go háirithe má bhaintear feidhm astu seo chun obair na mac léinn agus ceartú na múinteoirí araon a mhúnlú.

De réir mar a théann ranganna ar aghaidh i dtreo an Teastais Shóisearaigh, comhairlítear go mba chóir forbairt a dhéanamh ar fheidhmiú phrionsabal marcála an Ráitis Ábhartha Shuntasáigh, atá i gcoillár an Teastais Shóisearaigh, a thaispeáint do mhic léinn, chun iad a oiliúint ó thaobh conas a scríobhtar an "Stair" mhaith ar mhodh múnlaiteach céimseach. Níor chóir go gcuirfeadh sé seo go mór leis an am is gá chun an obair bhaile a cheartú agus féadfaidh gur modh an-luachmhar a bheidh ann chun mic léinn a spreagadh chun díriú ar cad atá á lorg i gceist atá le freagairt agus cad é an t-eolas is gá chun an cheist a fhreagairt.

Thuiriscigh múinteoirí na Staire sinsearaí go háirithe go ndeachaigh sé go dian orthu iad féin a oiriúnú do riachtanais mheasúnaithe shiollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta. Páipéir shamplacha scrúdaithe agus prionsabail shamplacha gan a bheith ar fáil go dtí an dara bliain d'fheidmiú an tsiollabais, i gcomhréir le gnáthnósanna imeachta Choimisiún na Scrúduithe Stáit, bhraith na múinteoirí gur dheacracht bhreise é sin, sa mhéid go bhain éiginnteacht le conas ba chóir do mhic léinn gabháil don staidéar agus don fhreagairt araon, mar aon leis an méid ábhair le clúdach sa siollabas féin. Mhaolaigh na héiginnteachtaí i ndáil leis an scrúdú go pointe áirithe i rith an dara bliain d'fheidmiú an tsiollabais athbhreithnithe, agus tá na cigirí ag súil go gcabhróidh an taithí ar scrúdú na bliana 2006 lena thuilleadh soiléireachta a thabhairt do mhúinteoirí agus do mhic léinn maidir le riachtanais an tsiollabais agus an scrúdaithe.

Sa Stair shinsearach, bhraith múinteoirí gur fheidhmigh siad in áit ina raibh siad ligthe i ndearmad, ábhairín, go dtí gur cuireadh prionsabail mharcála ar fáil i gcomhair an tsiollabais athbhreithnithe. Tá siad tar éis gabháil go han-chríochnúil do riachtanais leasaithe an tsiollabais ó thaobh an mheasúnaithe de, go háirithe i ndáil leis an nua-aiceann níos láidre ar fhreagairt na gceisteanna de rogha ar an aiceann ar aistí a scíobh, mar a bhí i gceist leis an seansiollabas.

Ag tacú le gnóthachtáil na mac léinn

Tá tuairiscí cigireachta tar éis cleachtas sna scoileanna atá ar aon fhoirm a shainathint ó thaobh teagmháil le tuismitheoirí agus caomhnóirí na mac léinn a chothabháil d'fhonn an ghnóthachtáil bharrmhaith sa Stair agus sna hábhair eile go léir a chur chun cinn. Is gnáthrud é tuairiscí ar dhul chun cinn na mac léinn a bheith bunaithe ar thorthaí scrúduithe ach freisin ar bhreithmheas meántearma, mar an gcéanna le cruinniú bliantúil idir na tuismitheoirí agus na múinteoirí a thionól sa scoil do gach bliainghrúpa.

Coinníonn múinteoirí i gcoitinne taifid chríochnúla ar dhul chun cinn na mac léinn, go háirithe i modh na dtaifead tinrimh agus i modh na dtorthaí a fhaightear i dtrialacha ranga nó san obair bhaile. Thug na cigirí an cleachtas seo ó thaobh choinneáil na dtaifead dá n-aire mar chleachtas an-mhaith agus mar rud a léirigh béim mhéadaitheach ar an bpleanáil i ranna staire na scoileanna go ginearálta. Tá múinteoirí tar éis taifid a choinneáil uaireanta ar na barúlacha a nochtaigh siad do na tuismitheoirí nó do na caomhnóirí sna tuairiscí nó sna cruinnithe leis na tuismitheoirí. Seo beartas fóirmhaith, cé go dtógann sé am, mar cabhraíonn sé le pictiúr soiléir críochnúil de dhul chun cinn na mac léinn agus den ghnóthachtáil lena bhfuiltear ag súil sna scrúduithe atá le teacht, dá n-oiriúnacht do pháipéir ardleibhéil nó do pháipéir ghnáthleibhéil sna scrúduithe stáit, agus fiú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé feiliúnach go roghnóidh siad an Stair in aon chor sa tsraith shinsearach. I gcomhpháirt le Coimisiún na Scrúduithe Stáit, thug na cigirí dá n-aire, agus é ina ábhar imní acu, go bhfuil méadú náisiúnta tar éis tarlú i gcionmhaireacht na mac léinn atá ag rognú an ghnáthleibhéil i scrúdú staire an Teastais Shóisearaigh go háirithe agus braitheann siad go mba chóir gach spreagadh chun é sin a dhéanamh a thabhairt do gach mac léinn sóisearach a mheastar atá i gcumas páipéir ardleibhéil a sheasamh.

Agus modhanna á n-aimsiú acu chun gnóthachtáil na mac léinn a spreagadh lasmuigh de scóip na scrúduithe go ginearálta agus na scrúduithe stáit go háirithe, tá roinnt scoileanna tar éis a bheith gníomhach ó thaobh dámhachtainí i gcomhair ghnóthachtálacha na mac léinn sa Stair a chur chun cinn. Chuimsigh na dámhachtainí sin torthaí sna scrúduithe stáit a cheiliúradh ach freisin aistí a scríobh, samhlacha a dhéanamh, tionscadail a chur ar taispeáint, agus a bheith páirteach i dtionscnaimh oidhreachta áitiúla. Is é an sochar breise atá acu i dtaobh na Staire ná go gcabhraíonn siad le próifíl an ábhair a mhéadú ar fud na scoile.

Tá a thuilleadh slite suntasacha ina dtacaítear leis an Stair ar scoil. Sampla amháin de seo ná an beartas faoin n-aithnítear gnóthachtáil na mac léinn agus an obair, dámhachtainí agus iontrálacha comórtais a thaifead i gcaibinéid agus ar chlár in áiteanna poiblí na scoile. Mar sin, tá roinn na staire tar éis a bheith in ann obair na mac léinn ar an stair áitiúil agus idirnáisiúnta a bhuaigh dámhachtainí a chur ar taispeánt. Cuirtear na scéalta is déanaí sna taispeántais seo agus is díol suime iad i gcónaí do gach duine a oibríonn sa scoil nó a thugann cuairt ar an scoil. Is mór ag buíon na staire na saoráidí sin a bheith ar fáil.

D'fhionn na cigirí gur dhíol suntas é an méid aire i ranna na staire, cé nach raibh sé ar aon fhoirm, ar shaincheisteanna i ndáil le torthaí sna scrúduithe stáit, ina measc faireachán a dhéanamh ar leibhéil fhíochúlachta i bpáipéir ardleibhéil agus i bpáipéir ghnáthleibhéil chomh maith le leibhéil na feidhmíochta ag mic léinn staire ar deireadh thiar i gcomparáid leis na gnáthleibhéil náisiúnta. Is straitéisí ciallmhara iad seo, a dheartar chun leibhéil ghnóthachtála a shainathint agus chun féachaint chuige go gcothaítear na leibhéil bharrmhaithe, agus tuilleann siad úsáid níos forleithne. I gcoitinne, d'fhionn na tuairiscí cigireachta leibhéil sásúil gnóthachtála i measc na mac léinn staire sa tsraith shinsearach agus sa tsraith shóisearach araon agus mhol siad múinteoirí go hard as a gcuid oibre ó thaobh féachaint chuige go gcomhlíonann mic léinn a n-acmhainneacht.

I dtéarmaí a bhaineann go sonracha leis an Stair agus ar leibhéal na scoile uile, cabhraíonn na struchtúir mheasúnaithe a léirítear thuas le gnóthachtáil na mac léinn a chur chun cinn. Ón méid ar ar breathnaíodh sna ceachtanna, ó obair na mac léinn a scrúdaíodh agus ón idirghníomhaíocht le mic léinn sna ranganna ar ar tugadh cuairt, is follas go rabhtas tar éis dúshlán na mac léinn a thabhairt go ráthúil agus go bhfuil leibhéil bharrmhaithe gnóthachtála á mbaint amach ag na mic léinn i bhformhór mór na gcásanna

Achoimre ar na príomhfhionnachtana agus na príomh-mholtaí

Is iad seo a leanas na príomhláidreachtaí agus na príomhréimsí forbartha a sainaitníodh sa chuid seo:

- ❖ Ba iad na modhanna measúnaithe is coitianta a fionnadh i rith cigireachtaí Staire ná ceisteoireacht bhéil, sannadh na hoibre baile, agus trialacha gearra ó am go ham.
- ❖ Chonacthas an obair thionscadail ní b'annaimhe mar shaghas measúnaithe, ach is cinnte go bhfuil siollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta tar éis borradh breise a chur faoi sin le déanaí.
- ❖ Moltar an obair atá déanta ag múinteoirí chun éascaíocht a dheanamh do thaighde agus d'obair thionscadail na mac léinn.
- ❖ Deacracht do mhúinteoirí a fhéachann le measúnú a dhéanamh ar mhic léinn a oibríonn laistigh de raon shiollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta is ea gan páipéir shamplacha agus prionsabail mharcála a bheith ar fáil go dtí an dara bliain d'fheidhmiú an tsiollabais.
- ❖ Coimeádann múinteoirí i gcoitinne taifid mhaithe ar ghnóthachtáil na mac léinn agus tuairiscíonn siad ar dhul chun cinn ar mhodh struchtúrtha rialta do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí.
- ❖ Is tacaí luachmhara i gcomhair fhoghlaim na Staire i mórán scoileanna é scéimeanna dámhachtainí Staire, déantús na samhlacha agus tionscadail eile a chur chun cinn.

Mar mhodh chun cur leis na láidreachtaí seo agus chun aghaidh a thabhairt ar réimsí forbartha, déantar na moltaí seo a leanas:

- ❖ Spreagtar úsáid na modhanna éagsúla measúnaithe, lena n-áirítear modhanna amhairc, i ranganna cumais mheasctha, go háirithe má chuidíonn sé le mic léinn ag a bhfuil cumais litearthachta níos ísle ó thaobh aithne a chur ar théarmaí agus ar choincheapa tábhachtacha.
- ❖ Agus ceann á thógáil do na sriantachtaí ama atá i gceist, tacaíonn na cigirí go láidir le ceartú pearsanta na hoibre baile agus le barúlacha na múinteoirí mar mhodhanna measúnaithe mhúnlaithigh.
- ❖ Spreagtar úsáid na n-eilimintí comh-mheasúnaithe, mar pháipéir scrúdaithe dheireadh an téarma, sa phleanáil chomhoibríoch nó rannach mar mhodh chun dul chun cinn na mac léinn a thomhas i scoileanna ar leith.
- ❖ Ba chóir gach spreagadh chun é sin a dhéanamh a thabhairt do gach mac léinn Teastais Shóisearaigh a mheastar atá i gcumas páipéir ardleibhéil a sheasamh.